
GFT Éireann

# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2020



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

www.idaireland.com

IDA Ireland

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF | 01 |
| Staitisticí | 10 |
| Comhshaol, Cúrsaí Sóisialta agus Rialachas | 15 |
| Ráitis Airgeadais | 18 |
| Líonra Domhanda Oifigí | 46 |


IDA Ireland

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF



# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF

Bliain thar a bheith dúshlánach don tír agus do mhuintir na tíre a bhí sa bhliain seo caite, mar fuair daoine bás agus baineadh slí bheatha de dhaoine de bharr phaindéim Covid-19. Déanaimid comhbhrón leis na daoine ar fad atá buailte ag an bpaindéim. Tugaimid aitheantas do na daoine a bhí ag obair ar líne thosaigh na freagartha sláinte poiblí agus dóibh a chuir seirbhísí riachtanacha ar fáil chun go mbeadh an tír ag obair tráth ar cuireadh isteach go mór uirthi agus a raibh a lán deacrachtaí roimpi ar bhealach nach bhfacthas riamh cheana.

Bhí géarchéim shláinte agus géarchéim eacnamaíochta ag bagairt ar an tír ag an am céanna agus d'iarr GFT Éireann tacú lenár dtír agus lenár gcliantchuideachtaí lena linn. D'oibrigh an Ghníomhaireacht le cliantchuideachtaí chun fostaíocht laistigh dár mbonn reatha a chosaint, fad a rinneamar iarracht deiseanna nua infheistíochta a aithint agus a bhuachan. Creid é nó ná creid, tháinig fás ar fhostaíocht i gcliantchuideachtaí GFT Éireann in 2020 in ainneoin an chúlaithe dhomhanda ba mheasa le glúin anuas. Tharla sé sin a bhuí le láidreacht na n-earnálacha ríthábhachtacha a ndírímid orthu agus leis an tacaíocht gan fasach a chuir an Rialtas ar fáil do chuideachtaí a raibh tionchar ag an ngéarchéim orthu. D'oibrigh GFT ar bhealach dearfach agus rathúil i rith na bliana leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) agus ar fud an Rialtais ar an bhfreagairt náisiúnta do Covid-19, lena n-áirítear iarrachtaí chun soláthairtí ríthábhachtacha a fháil d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ag tús na géarchéime in 2020. Le déanaí, thacaigh GFT le Tascfhórsa Ardleibhéil an Rialtais um Vacsaíniú Covid-19.

Fad a bhfuil súil againn ar na laethanta níos fearr atá le teacht, a bhuí leis an dlús atá faoin gclár vacsaínithe agus le maolú céim ar chéim na srianta, tá GFT fós meáite ar chomhpháirtíochtaí a bhunú le cuideachtaí ilnáisiúnta chun téarnamh geilleagrach agus fás inbhuanaithe a spreagadh sna blianta atá le teacht. Leagtar sprioc amach inár straitéis nua, Téarnamh agus Fás Inbhuanaithe a Spreagadh, go mbuafaidh an Ghníomhaireacht 800 infheistíocht ar an iomlán, go soláthrófar leath de na hinfheistíochtaí sin sna réigiúin agus go dtacófar le 50,000 post a chruthú sa chéad cheithre bliana eile. Chomh maith leis sin, táimid ag leagadh béim nua ar infheistíocht in oiliúint agus uasoiliúint agus inbhuanaitheacht chomhshaoil chun tacú leis an mbonn infheistíochta dírí eachtraí, agus an geilleagar i gcoitinne, fad a chuirtear dlús faoin gclaochlú teicneolaíochta agus faoin gclaochlú glas. Tá straitéis 2021-24 GFT á cur i bhfeidhm anois, ar stratéis í a thacóidh leis na cuspóirí ríthábhachtacha a bhí sa Phlean Téarmaimh Gheilleagraigh a foilsíodh le déanaí.

Cé nach bhfuiltear cinnte faoi cad atá romhainn, is údar misnigh againn an fheidhmíocht láidir infheistíochta sa chéad leath den bhliain. Is léiriú é sin ar láidreacht na gcuideachtaí sna príomhearnálacha a ndíríonn GFT orthu agus ar obair sheasta fhoirne na Gníomhaireachta in Éirinn agus thar lear, in ainneoin na ndúshlán pearsanta agus proifisiúnta a bhaineann leis an bpaindéim.

Mar gheall ar thacaíocht leanúnach ár máthair-Roinne, an Rialtais, na bpríomhpháirtithe leasmhara agus cliantchuideachtaí GFT, agus in ainneoin na ndúshlán agus na neamhchinnteachta atá romhainn, tá infheistíocht dhíreach eachtrach in áit mhaith go fóill chun méid tábhachtach a dhéanamh ar mhaithe le rath na hÉireann amach anseo.

## Freagairt GFT do Covid-19

Agus freagairt thapa á déanamh do Covid-19 go luath in 2020, ba iad na tosaíochtaí a bhí ag GFT leanúnachas seirbhíse a chur ar fáil do chliantchuideachtaí agus sábháilteacht agus folláine fhoireann GFT in Éirinn agus thar lear a áirithiú. D'éirigh leis an nGníomhaireacht aistriú chuig timpeallacht oibre fíorúla i Márta 2020 agus, in ainneoin na ndroch-chúinsí, léiríomar go bhfuilimid láidreach agus solúbtha mar leanamar ar aghaidh ár misean a bhaint amach, is é sin IDE a bhuachan agus a fhorbairt. D'fhorbraíomar cur chuige 'fíorúil ar dtús' chun teagmháil a dhéanamh le cliaint.

Thug GFT faoi phróiseas struchtúrtha chun dul i dteagmháil le cliaint agus tuiscint a fháil ar conas a bhí cuideachtaí reatha ag éirí leo ag tús na géarchéime agus chun fadhbanna a bhí ag teacht chun cinn a dtabharfaidh ár bhfoireann polasaí aghaidh orthu a aithint. D'éirigh le formhór na gcuideachtaí i bpunann GFT pleananna leanúnachais gnó a chur i bhfeidhm agus chuaigh siad i dtaithí go maith ar chúrsaí. Ghlac cliantchuideachtaí le cianobair de réir mar ab fhéidir, fad a chuir siad a bhí ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí riachtanacha ar an láthair bearta éagsúla sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm.

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF (ar lean)

Nuair a tugadh faoin Suirbhé Bliantúil Fostaíochta (SBC) ag deireadh an tríú ráithe in 2020, bhí 52% de na fostaithe i gcliantchuideachtaí GFT ag obair ó chian.

Bhain cliantchuideachtaí GFT a raibh tionchar diúltach ag an ngéarchéim orthu leas as na tacaíochtaí gan fasach a thug an Rialtas isteach, go háirithe an Scéim Fóirdheontais Pá agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta, a tháinig ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, chuir GFT an Scéim Táirgí Covid-19 chun cinn i measc cliantchuideachtaí le linn na bliana. Deareadh an scéim, atá ar fáil do chuideachtaí ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, chun tacú le borradh a chur faoi Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht (TF&N), infreastruchtúr agus acmhainn táirgthe le haghaidh táirgí a bhaineann le Covid-19, agus chun na rudaí sin a mhéadú. D'oibrigh GFT i gcomhar leis an RFTF agus Fiontraíocht Éireann chun an scéim a fhorbairt agus faomhadh a fháil faoi Chreat Sealadach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Státchabhair. Ba théama coitianta le linn na bliana é comhoibriú den chineál sin idir GFT agus comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara éagsúla agus ba ghné lárnach dár bhfreagairt é.

D'fhonn comhráite éifeachtacha le cliantchuideachtaí maidir lena gcláir oibre fáis a chumasú, bhain GFT leas as roinnt teicneolaíochtaí digiteacha, ar cuireadh go leor díobh ar bun sular bhogamar chuig ár gceanncheathrú dhomhanda nua ag Three Park Place i Meán Fómhair 2019. Rinneadh éascaíocht ar chuairteanna ó chian ar láithreáin chun tacú leis an bpíblíne infheistíochta agus lenár gclár oibre forbartha réigiúnaí. Fuarthas tacaíocht bhreise do thógáil na píblíne tionscadal atá ag GFT don 2021 ó fheachtas margaíochta den chéad scoth a dhírigh ar phríomhoifigigh. Bhí an Ghníomhaireacht áblalta an feachtas sin a fhorbairt mar gheall ar an maoiniú breise bolscoireachta agus




**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

margaíochta a chuir an Rialtas ar fáil mar chuid de Spreagadh mhí Iúil agus Buiséad 2021. Chomh maith leis sin, reáchtáil GFT roinnt imeachtaí ardphróifíle do chliaint a raibh ionadaithe sinsearacha an Rialtais páirteach iontu, an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Airgeadais san áireamh. Dhírigh siad ar fhreagairt na hÉireann don ghéarchéim agus ar phleananna téarnaimh.

Taobh amuigh dár bpríomhshainchúram, rinne GFT iarracht tacú le freagairt na tíre don phaindéim cibé bealach is féidir. Chuir GFT tacaíocht shuntasach ar fáil do FSS le haghaidh na chéad freagartha don ghéarchéim sláinte poiblí ó Mhárta 2020 ar aghaidh. Bhaineamar úsáid as ár líonra idirnáisiúnta chun tacú le FSS trealamh cosantach pearsanta (PPE) agus táirgí cúraim chriticiúil eile a aimsiú i margadh dúshlánach domhanda ina raibh an t-éileamh ar na táirgí riachtanacha i bhfad níos airde ná riamh. Chur an Ghníomhaireacht ár rogha ionad réadmhaoine ar fáil do FSS ar eagla go mbeidís ag teastáil agus dúirt roinnt cliantchuideachtaí GFT leis an nGníomhaireacht go bhféadfaidís tacú leis an bhfreagairt náisiúnta do Covid-19.

## Feidhmíocht láidir IDE 2020

Tráth a raibh dúshlán suntasach roimh na codanna sin den mhargadh a dhíríonn ar an tír seo, bhí na gnéithe sin de IDE in Éirinn a phléann go príomha le heaspórtáil iontach láidir le linn 2020. Tháinig méadú 3.6% ar fhostaíocht dhíreach iomlán i gcliantchuideachtaí GFT agus tá 257,394 duine ag obair iontu anois, ar leibhéal níos airde ná riamh é[1]. Tháinig méadú ar fhostaíocht i mbeagnach gach earnáil agus ba iad na cuideachtaí Eolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíochta a spreag sin, mar bhí an t-éileamh ar tháirgí cúraim sláinte fós ard agus tháinig méadú ar an éileamh ar theicneolaíochtaí agus seirbhísí a chumasaíonn cianobair agus an geilleagar digiteach.

Bhí líon na bpost (20,123) a cruthaíodh píosa beag níos ísle ná an líon le blianta beaga anuas agus bhí líon na bpost a cailleadh (11,179) beagáinín níos airde. Dá bharr sin, b'ionann an glanathrú ar fhostaíocht in 2020 agus 8,944 – i gcomparáid le 14,847 in 2019. Tháinig athrú suntasach ar ár gcuideachtaí san earnáil Ábhair, Tomhaltóirí agus Seirbhísí Gnó le linn na bliana. D'fhás roinnt díobh go gníomhach, cosúil le miondíol ar líne, ach ba bhliain i bhfad níos dúshlánaí í do na hearnálacha sin a raibh tionchar orthu cosúil le turasóireacht agus taisteal. Tháinig laghdú ar fhostaíocht i ndéantúsaíocht eile, ar léiriú é sin ar dheacrachtaí in earnálacha cosúil le fosholáthar uathghluaisneach a bhaineann le Covid-19 agus ar threochtaí atá ag éirí níos tapúla cosúil le huathoibriú.

Bhuaigh GFT 246 infheistíocht ar an iomlán in 2020, ar laghdú beag é ar an líon sa bhliain roimhe sin, ach bhí sé níos airde ná a rabhamar ag súil leis i bhfianaise an laghdaithe ghéir ar IDE domhanda de bharr na paindéime. I measc na 246 infheistíocht a buadh, bhí 73 infheistíocht leathnaithe a rinne cliaint reatha, 95 infheistíocht ag cliaint nua, 46 infheistíocht TF&N, 28 infheistíocht oiliúna agus 4 infheistíocht in inbhuanaitheacht chomhshaoil. Bhí 128 infheistíocht – 52% den iomlán – in áiteanna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. B'ionann sciar na dtionscadal infheistíochta ó Thuaisceart Mheiriceá agus 67% in 2020, atá níos airde ná an sciar le blianta beaga anuas. Go páirteach is léiriú é sin ar an mbéim a leagamar le linn na géarchéime ar infheistíocht a bhuachan ó chuideachtaí reatha, ar de bhunadh Thuaisceart Mheiriceá formhór díobh.

## Tionchar IDE

Tá láidreacht bhonn IDE na hÉireann ina príomhshócmhainn náisiúnta ag an tír agus bíonn tionchar suntasach aici ar gheilleagar na hÉireann agus ar an tsochaí i gcoitinne. I ngach cearn den tír, cuireann cuideachtaí a dtugann GFT tacaíocht dóibh poist mhaithe ar fáil, tacaíonn siad go hindíreach le poist eile, cumasaíonn siad gluaiseacht oibrithe, ceannaíonn siad earraí agus seirbhísí Éireannacha agus cuireann siad nuálaíocht chun cinn.

Tá 12.4% de na daoine atá fostaithe ar fud na tíre fostaithe go díreach i gcliantchuideachtaí GFT, agus is ionann an fhostaíocht dhíreach agus indíreach a bhaineann le cliantchuideachtaí GFT agus 463,309. B'ionann an méid a chaith cliantchuideachtaí GFT go díreach i ngeilleagar na hÉireann agus €25.2bn in 2019, €15.1bn ar phárolla san áireamh, €7.4bn ar sheirbhísí

1 RFTF, Suirbhé Bliantúil Fostaíochta 2020

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF (ar lean)

Éireannacha agus €2.7bn ar ábhair Éireannacha. Chaith cliaint GFT €2.6bn breise ar T&F inmheánach agus €7.4bn ar thionscadail infheistíochta caipitil[2].

B'fhiú onnmhairí chliaint GFT €255.3bn in 2019, arbh ionann é sin agus 68% d'onnmhairí iomlána náisiúnta[3]. Mar gheall ar láidreacht leanúnach na n-earnálacha sin ina bhfuil cuideachtaí ilnáisiúnta ceannasach, cosúil le hEolaíochtaí Beatha agus Teicneolaíocht, bhí onnmhairí na hÉireann, agus ár OTI dá bharr, níos fearr ná geilleagair shárfhorbartha eile in 2020. Thacaigh láidreacht IDE le bliain anuas leis an Státchiste freisin, nuair arbh ionann an cháin a d'íoc cliantchuideachtaí agus dhá thrian d'fháltas cánach corparáidí[4].

Tá 1,600 oibríocht chliaint taobh thiar de na figiúirí móra sin. Tá siad éagsúil ó thaobh méide, earnála agus tír thionscnaimh de, ach roghnaigh siad go léir teacht go hÉirinn chun a gcuid gnó a fhás agus chun go mbeidh a gcuid gnó faoi bhláth. Is léir agus is mór an méid a dhéanann siad ar son na hÉireann agus is mór ag GFT a gcuid oibre.

## Forbairt réigiúnach

Is mó tionchar IDE agus ionchur chliantchuideachtaí GFT in áiteanna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Mar a luadh thuas, bhuaigh GFT 128 infheistíocht d'áiteanna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath in 2020. Ar an mbealach sin, rinneadh forbairt ar na leibhéil infheistíochta réigiúnaí le linn ár straitéis 2015-19 nuair a fuaireamar leibhéil níos airde ná riamh. B'ionann fostaíocht dhíreach i gcliaint GFT sna réigiúin agus 144,689 in 2020, arbh ionann é sin agus 56% d'fhostaíocht iomlán i measc chliaint GFT.

B'ionann an méid bliantúil a chaith cliantchuideachtaí in áiteanna réigiúnacha ar phárolla agus €7.9bn, ar sheirbhísí Éireannacha agus €2.7bn, ar ábhair Éireannacha agus €2.2bn, agus ar T&F inmheánach agus €1.3bn in 2019. Cé nach bhfuil TDE an t-aon rud a spreagann forbairt réigiúnach, is féidir leis méid mór a dhéanamh chun geilleagair réigiúnacha bhríomhara a chur chun cinn leis na naisc sin. Leanann GFT d'obair a dhéanamh i gcomhar le cliantchuideachtaí agus príomhpháirtithe leasmhara mar a dhéanaimid iarracht tacú leis an téarnamh geilleagrach agus fás inbhuanaithe i ngach réigiún den tír, rud atá an-tábhachtach dár straitéis nua eagraíochta. Déanfaimid iarracht infheistíocht a bhuachan a thacódh le difríochtaí eacnamaíochta réigiúnacha a laghdú agus a chuideodh le réigiúin aghaidh a thabhairt ar an mBreatimeacht, an téarnamh ó Covid-19 agus an t-aistriú cothrom aeráide.

## Ionchas IDE Domhanda

Chuir paindéim Covid-19 isteach go mór ar an timpeallacht dhomhanda IDE ina mbíonn GFT san iomaíocht d'infheistíocht in 2020. Thit líon na dtionscadal infheistíochta láithreáin nua a fógraíodh ar fud an domhain faoi thrian i gcomparáid leis an mbliain roimhe, mar chuir cuideachtaí ilnáisiúnta cinntí infheistíochta siar nó ar ceal agus mar gheall ar an tuairt gheilleagrach agus an leibhéal níos airde neamhchinnteachta[5]. Tháinig feabhas ar an ionchas eacnamaíochta ó thús na bliana mar gheall gur cuireadh borradh faoi úsáid vacsaíní i ngeilleagair shárfhorbartha, go ndeachaigh gnólachtaí i dtaithí ar bhearta srianta, agus an tacaíocht bhreise fhioscach sna Stáit Aontaithe. Ach bíonn tionchar diúltach go fóill ar mheon na n-infheisteoirí de bharr leibhéal na tuairte geilleagraí in 2020 agus an leibhéal ard riosca a bhaineann leis an ionchas domhanda.

Is dócha go spreagfaidh na hearnálacha sin ba mhó a léirigh a dteacht aniar in 2020, cosúil le Teicneolaíocht agus na hEolaíochtaí Beatha, téarnamh na IDE domhanda. Braithfidh téarnamh na n-earnálacha a raibh an tionchar ba mhó ag bearta srianta orthu, cosúil le Turasóireacht, Áineas agus Fáilteachas, go mór ar cad a tharlóidh amach anseo ó thaobh Covid-19 de.

De réir mar a thagann IDE chuige féin, rachaidh roinnt treochtaí eacnamaíochta, teicneolaíochta agus polaitíochta i bhfeidhm ar phátrúin trádála agus infheistíochta amach anseo. Beidh dúshláin agus deiseanna casta éagsúla roimh infheisteoirí seanbhunaithe agus nua maidir le gnéithe

2 RFTF, Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch (SBGTE) 2019
3 Áireamh GFT bunaithe ar shonraí SBGTE agus sonraí trádála seachtracha ón bPríomh-Oifig Staidrimh
4 Áireamh GFT bunaithe ar Íocaíochtaí agus Tuairisceáin Cánach Corparáidí na gCoimisinéirí Ioncaim

5 fDi Intelligence, The fDi Report 2021

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF (ar lean)

trasearnála a bheidh taobh thiar d'athruithe, cosúil le todhchaí na hoibre, samhlacha nua agus bunathraitheacha gnó, inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus béim níos airde gheopholaitíochta ar shlabhraí domhanda luacha.

Socróidh cinntí infheistíochta a dhéantar i dtimpeallacht den chineál sin agus an tionchar a bhíonn orthu ag tairiscint luacha na ndlínsí éagsúla an t-ionchas IDE. Tá bunús láidir ann in Éirinn mar gheall ar fheidhmíocht IDE na hÉireann le blianta beaga anuas agus dea-theist fhada na hÉireann mar áit láidir, sheasmhach agus nuálach le gnó a dhéanamh inti, bunús ar féidir forbairt a dhéanamh air sa tréimhse atá amach romhainn.

## Straitéis 2021-2024

Tá straitéis nua GFT 2021-24 á cur i bhfeidhm anois tar éis dúinn tabhairt faoi phróiseas cuimsitheach forbartha straitéise. Mar chuid de sin, rinneamar athbhreithniú ar ár straitéis roimhe sin, rinneamar anailís ar an timpeallacht oibríochta le haghaidh IDE agus chuamar i gcomhairle go forleathan leis na príomhpháirtithe leasmhara.

Tá athrú tagtha ar an domhan agus déantar iarracht le straitéis GFT 'Téarnamh agus Fás Inbhuanaithe a Spreagadh' tionchar dearfach IDE a chomhdhlúthú agus a fhorbairt de réir mar a iarrann Éire dul le téarnamh faoi stiúir post, téarnamh a thapaíonn deiseanna an chlaochlaithe ghlais agus an chlaochlaithe theicneolaíoch. Sin atá beartaithe sa Chlár Rialtais agus sa Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta. Oibreoidh GFT le cliantchuideachtaí chun poist a chruthú, poist a lonnú sna réigiúin, agus infheistíocht a dhéanamh in T&F, fad a chuirimid feabhas ar ár mbéim ar infheistíocht in oiliúint agus uas-sciliú agus inbhuanaitheacht chomhshaoil.

Tá uaillmhian na straitéise bunaithe ar chúig cholún nasctha a bhfuil na príomhspriocanna seo a leanas mar chuid díobh:

- **Fás:** Sprioc go mbeidh 800 infheistíocht ann ar an iomlán chun tacú le 50,000 post a chruthú agus le gníomhaíocht eacnamaíoch.
- **Claochlú:** Oibriú i gcomhar le cliaint ar mhaithe leis an bhfás amach anseo trí 170 infheistíocht TF&I agus 130 infheistíocht oiliúna.
- **Réigiúin:** Sprioc go mbeidh 400 infheistíocht ann chun forbairt réigiúnach a chur chun cinn.
- **Inbhuanaitheacht:** Glacadh le téarnamh glas a bheidh 60 infheistíocht inbhuanaitheachta mar chuid de.
- **Tionchar:** Sprioc go dtiocfaidh méadú 20% ar chaiteachas cliant in Éirinn chun tionchar IDE a uasmhéadú.

Tacóidh roinnt tionscnamh leis an straitéis a bhaint amach, lena n-áirítear Clár Réigiúnach Réadmhaoine GFT chun réitigh réadmhaoine agus réitigh straitéiseacha láithreáin a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh in áiteanna réigiúnacha; an tArdionad Náisiúnta Déantúsaíochta i Luimneach a chríochnú chun spás a chur ar fáil do chuideachtaí chun teicneolaíochtaí digiteacha a thrialáil, a ghlacadh, a úsáid agus a mhéadú; an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (INTOB) a leathnú go suntasach chun cumas maidir le Teiripe Cille, Géinteiripe agus Teiripe Vacsaíní a thógáil; agus an Clár Claochlaithe Dhigitigh a chur i bhfeidhm chun go mbeidh GFT ar an nGníomhaireacht Tionscnaimh Infhesitíochta (GTI) is fearr a bhfuil cumas digiteach aici ar domhan.

### An bealach romhainn – deiseanna

Tá deiseanna, dúshláin agus méid suntasach neamhchinnteachta ar an mbealach amach romhainn. Léiríonn uaillmhian straitéis GFT 2021-24 ár gcreideamh go bhfuil deiseanna suntasacha fós ann infheistíocht a bhuachan, infheistíocht atá ar aon dul le croíláidreachtaí na hÉireann, in ainneoin na timpeallachta oibre domhanda deacra atá ann. Díríonn ár straitéis ar na hearnálacha a spreagann an geilleagar domhanda nua-aimseartha a léirigh go raibh teacht aniar acu le bliain anuas, fad a thugann an straitéis aird ar na deiseanna a bhaineann le ré an chlaochlaithe agus a thapaítear na deiseanna sin.

I dtuairim GFT tá seans ag Éirinn infheistíocht a bhuachan de réir mar a dhigitíonn agus a dhícharbónaíonn an geilleagar níos tapúla agus níos tapúla, a thagann samhlacha nua gnó chun cinn, agus a phléann cuideachtaí conas is fearr is féidir freagairt a dhéanamh do cheisteanna éagsúla, idir theacht aniar an tslabhra soláthair agus thodhchaí na hoibre. I measc na réimsí sonracha ina bhfuil deiseanna, tá néalríomhaireacht, intleacht saorga (AI), 5G, olltiomsú sonraí, ardáin bhunathraitheacha seirbhíse, teicneolaíocht airgeadais, ardmhonarú, teiripe cille, géine agus vacsaíní, sláinte nasctha, uathoibriú tionsclaíoch agus fuinneamh inathnuaite.

Oibreoidh an Ghníomhaireacht le cliantchuideachtaí reatha agus díreoidh sí ar an gcéad ghlúin eile de chuideachtaí ceannródaíocha. Leagfar béim ar láidreachtaí na hÉireann, lena n-áirítear ár ndaonra óg a bhfuil oideachas fíormhaith acu, rochtain réidh ar Mhargadh Aonair an AE, oscailteacht roimh an domhan, an ráta cánach corparáidí atá trédhearcach agus seasmhach, an dea-thimpeallacht gnó agus an dea-theist ó thaobh IDE a mhealladh.

Forbróimid tairiscintí nua luacha, mar shampla tacaíocht a thabhairt chun Éire a chur chun cinn mar cheann de na háiteanna is fearr le haghaidh IDE inbhuanaithe. Mar gheall ar an bhfeabhas ar fheidhmíocht na hÉireann ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide a bhfuiltear ag súil leis faoin gCuspóir Náisiúnta Aeráide, tabharfar seasamh don mhéid a bheidh á rá againn le cuideachtaí faoi dheiseanna infheistíochta inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, forbróimid ár dtairiscint le haghaidh cianoibre, agus leagfaimid béim ar leith ar shamhlacha hibrideacha cianoibre agus ar úsáid a bhaint as cianobair chun forbairt réigiúnach a chur chun cinn agus feabhas a dhéanamh ar dheiseanna eacnamaíochta do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht.

### Borradh a chur faoi fhás eacnamaíochta réigiúnach

Beidh tionchar dearfach ag straitéis nua ar gach réigiún na hÉireann. Leanfaidh an Ghníomhaireacht de spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do chliaint agus infheisteoirí céaduaire le go méadóidh nó go lonnóidh siad sna réigiúin, agus úsáid a bhaint as na tionscnaimh ríthábhachtacha a luadh cheana mar chuid de sin, cosúil lenár gClár Réigiúnach Réadmhaoine agus ár dtairiscint luacha le haghaidh cianoibre. Chomh maith leis sin oibreoimid le cliantchuideachtaí reatha in áiteanna réigiúnacha ar infheistíochtaí bunathraitheacha in oiliúint agus TF&I chun tacú le tionchar réigiúnach IDE a chosaint agus a fheabhsú trí mheán nuálaíochta, táirgiúlachta agus athléimneachta. Agus GFT ag iarraidh leibhéil arda infheistíochta a mhealladh chuig gach réigiún bunaithe ar a bpríomhláidreachtaí agus na deiseanna atá ag teacht chun cinn, leanfaidh GFT de bhéim a leagan ar chomhoibriú straitéiseach le príomhpháirtithe leasmhara lena chinntiú go bhfuil na réigiúin réitithe go maith le haghaidh fás IDE amach anseo.

### Dúshláin iomaíochta

In ainneoin uaillmhian ár straitéise nua agus an túis mhaith sa bhliain 2021, is léir nach féidir linn talamh slán a dhéanamh den rath sin ná nach féidir linn a bheith réchúiseach faoi láidreachtaí thairiscint luacha na hÉireann i dtimpeallacht dhomhanda IDE atá an-iomaíoch. Tá sé róluath go fóill le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leasú idirnáisiúnta cánach ar tharraingteacht na hÉireann mar áit le hinfheistíocht a dhéanamh inti sa mheántéarma, má bhíonn tionchar ar bith aige sin. Ach meabhraíonn forbairtí le déanaí dúinn nach mór d'Éirinn aird a thabhairt ar phríomhcheisteanna iomaíochta atá faoinár smacht chun go gcoinneoimid an IDE atá againn agus chun infheistíocht nua in Éirinn a bhuachan. Tá sé sin go háirithe tábhachtach mar tá iomaíocht dhomhanda d'infheistíocht ag éirí níos géire an t-am ar fad. Thug an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) aird ar an tábhacht a bhaineann le beartas a dhíríonn ar iomaíocht na hÉireann a fheabhsú chun IDE a choinneáil ina mheasúnú ar gheilleagar na hÉireann i mBealtaine 2021. Tugadh faoi deara freisin go bhféadfadh bearta den chineál sin an méid dearfach a dhéanann IDE ar son fhás gheilleagar na hÉireann a mhéadú[6].

6 CAI, Ráiteas Clabhsúir Foirne de Mhisean Airteagal IV 2021 chun na hÉireann, Bealtaine 2021

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF (ar lean)

Tá roinnt dúshlán iomaíochta romhainn a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chumas na hÉireann IDE a mhealladh agus a choinneáil. Sa ghearrthéarma, bhí tionchar suntasach ar chliantchuideachtaí GFT ag na srianta sláinte poibí a bhí riachtanach agus a bhí i bhfeidhm den chuid ba mhó den chéad leath den bhliain. Cuireadh isteach ar thaisteal idirnáisiúnta, tugadh isteach coraintín riachtanach in óstáin agus bhí moilleanna ar phróiseáil víosaí do náisiúnaigh nach náisiúnaigh LEE iad. Dá bharr sin, cuireadh bac ar chumas cuideachtaí rochtain a fháil ar dhaoine oilte thar lear nuair a bhí siad ag iarraidh gnó a bhunú nó a leathnú in Éirinn. Mar gheall ar sin, tá riosca ann go mbeidh tionchar diúltach ag an bhfadhb sin ar chruthú post IDE in 2021. Cuireann GFT fáilte roimh na treoirlínte nuashonraithe maidir le taisteal idirnáisiúnta ón Rialtas ó Iúil 2021 ar aghaidh agus roimh athoscailt na hoifige cláraithe inimirce i mBaile Átha Cliath i mBealtaine 2021.

Is geilleagar beag oscailte agus is oileán ar imeall na hEorpa í Éire. Mar sin, tá nascacht idirnáisiúnta an-tábhachtach chun infheistíocht reatha a choinneáil agus deiseanna infheistíochta a thapú amach anseo. Tá sé ríthábhachtach go bhforbróidh Éire nascacht idirnáisiúnta chomh luath agus is féidir. Rinne GFT teagmháil fhorleathan le cliantchuideachtaí agus d'oibrigh sí ar bhealach dearfach le RFTF maidir leis na dúshláin atá ann de bharr srianta ar thaisteal idirnáisiúnta. Ag an am céanna, d'aithníomar agus thuigeamar an gá leis na srianta chun na rioscaí a bhaineann le leaganacha agus sócháin nua Covid-19 a mhaolú.

Bíonn tionchar ag fadhbanna fadtéarmacha iomaíochta ar tharraingteacht na hÉireann ó thaobh IDE de go fóill. Mar a tharraing an Gníomhaireacht aird air roimhe sin, tá éifeachtúlacht an chórais phleanála agus nádúr fadálach an phróisis athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina riosca do cháil na hÉireann agus ina bhac ar chumas GFT infheisteoirí nua a mhealladh agus spreagadh athabhairt d'infheisteoirí reatha leathnú. Tacaíonn GFT go hiomlán leis an ngá le srianta agus ceartúcháin chuí sa phróiseas pleanála. Ach bíonn infheisteoirí éiginnte agus níl Éire chomh tarraingteach le gnó a dhéanamh inti mar gheall ar mhoilleanna inseachanta ar thionscadail chaipitil ár gcliantchuideachtaí agus ar sholáthar infreastruchtúir phoiblí thar sheirbhísí fuinnimh, iompair, teileachumarsáide agus uisce. Cuirimid fáilte roimh thiomantas an Rialtais d'infheistíocht tháirgiúil chaipitil agus roimh an athbhreithniú leanúnach ar an bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN). Is díol suntais é go bhfuil sé éagsúil leis na ciorruithe ar chaiteachas caipitil a cuireadh i bhfeidhm i ndiaidh na Géarchéime Domhanda Airgeadais. Tá sé ríthábhachtach anois go ndéanfar dul chun cinn éifeachtúil maidir leis na príomhthionscadail chaipitil straitéiseacha faoin PFN agus go soláthrófar iad.

Tá bua agus cumas mhuintir na hÉireann an-tábhachtach d'Éirinn chun IDE a bhuachan. Tá caighdeán ár gcórais oideachais agus scileanna ár ndaoine ar na tosca oibríochta is tábhachtaí in Éirinn a imríonn tionchar ar chliantchuideachtaí GFT. Chun an láidreacht sin agus ár n-iomaíocht idirnáisiúnta a chosaint, tá sé ríthábhachtach go dtugtar aghaidh ar mhaoiniú fadtéarmach inbhuanaithe an oideachais tríú leibhéal. I dtaca leis sin, ní mór dúinn cinnte a dhéanamh de go mbíonn tacair sonraí ár gcéimithe tríú leibhéal ar aon dul le riachtanais an gheilleagair agus go n-úsáidtear ranníocaíochtaí cuideachtaí leis an gCiste Náisiúnta Oiliúna chun cláir faoi stiúir éilimh a chur ar fáil. Tá tuilleadh iarrachtaí ag teastáil chun an sprioc ardleibhéil i leith céimithe TFC atá leagtha amach in Scileanna Teicneolaíochta 2022 a bhaint amach agus chun feabhas a chur ar scileanna digiteacha i measc oibrithe ar fud an gheilleagair. Tá sé tábhachtach freisin cinnte a dhéanamh de go mbíonn deiseanna foghlama saolré a bhaineann le tionscal ar fáil dóibh siúd atá sa lucht oibre cheana féin, trí infheistíocht bhreise a dhéanamh in oideachas ar líne san áireamh. Tá sé sin go háirithe tábhachtach d'oibrithe in earnálacha a bhfuil dúshláin struchtúracha rompu agus earnálacha a bhfuil bunathrú á dhéanamh orthu ag digitiú na samhlacha gnó.

Déantar rioscaí a bhaineann le tearcinfheistíocht inár gcóras oideachais tríú leibhéal níos measa ag an mbearna idir Éire agus roinnt geilleagar sárfhorbartha ó thaobh infheistíocht in TF&I de. Tá fáilte roimh an méadú ar chaiteachas na hÉireann ar mhaoiniú taighde le blianta beaga anuas, ach tá Éire fós faoi bhun na sprice atá leagtha amach in Nuálaíocht 2020, is é sin cóimheas déine T&F de 2.5% de OTN a shroicheadh faoi 2020, agus is dócha nach mbainfear an sprioc sin amach. Is ionann caiteachas ag fiontair faoi úinéireacht eachtrach agus 70% de chaiteachas gnó ar TF&I sa Stát agus bíonn TF&I i gcónaí ar an bpríomhréimse ina bhfuil cliantchuideachtaí GFT ag iarraidh

# Forbhreathnú an Chathaoirligh agus an POF (ar lean)

a sainchúram in Éirinn a mhéadú[7]. D'fhonn go mbeidh Éire fós iomaíoch, chun infheistíocht bhreise a bhuachan agus chun tacú le huaillmhian na hÉireann go mbeidh sí ina ceann scríbe nuálaíochta, ba cheart bearta spriocdhírithe a thabhairt isteach chun caiteachas TF&I a mhéadú ar aon dul le tíortha eile. Leanfaidh GFT de theagmháil a dhéanamh le RFTF agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir leis an gclár TF&I, lena n-áirítear ionchur a dhéanmah d'fhorbairt na straitéise náisiúnta athnuaite a thiocfaidh i ndiaidh Nuálaíocht 2020.

Tá sé ríthábhachtach go mbíonn soláthairtí uisce agus fuinnimh atá ar ardchaighdeán, ar phraghas iomaíoch agus a bhfuil teacht aniar acu ar fáil chun cur ar chumas na gníomhaireachta leibhéil arda infheistíochta eachtraí díríí a mhealladh. D'áireofaí leis sin cliaint atá dian ó thaobh acmhainní de san earnáil eolaíochtaí beatha agus san earnáil teicneolaíochta. De bharr fás daonra agus éileamh níos airde i measc fiontar ní mór do sholáthraithe infreastruchtúir a bheith chun tosaigh ar an éileamh go leanúnach. I dtaca leis sin, tá sé riachtanach go mbíonn go leor acmhainn bhreise ar fáil chun cur ar chumas na n-oibreoirí líonra a léiriú go bhfuil an solúbthacht riachtanach acu le riachtanais na n-infheistíochtaí ar scála idirnáisiúnta a chomhlíonadh. Ní mór ábhair imní faoi theacht aniar agus acmhainn, lena n-áirítear iad atá á gcur in iúl faoin gcóras fuinnimh, a fhreagairt le pleananna soiléire, idir ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha, chun feabhas a chur ar líonraí agus foinsí soláthair.

Aithníonn GFT agus cuireann sí fáilte roimh na bearta cuimsitheacha polasaí a glacadh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta le blianta beaga anuas. Ach mar gheall ar thionchar na paindéime ar thógáil, tá riosca ann go mbeidh moill bhreise ar an dul chun cinn maidir leis an ábhar sin i gcaitheamh ár straitéise nua. Tharraing an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta aird ar thionchar mhífheidhmiú an mhargaidh tithíochta, costais níos airde ionchur san áireamh. Beidh sé tábhachtach go leanfar de na beartais atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar an ábhair sin a chur i bhfeidhm go tapa agus go rathúil.

Mar chuid den iomaíocht domhanda d'infheistíocht agus tallann, tá caighdeán na beatha ag éirí níos tábhachtaí agus níos tábhachtaí. Chun daoine óga Éireannacha a bhfuil bua acu a choinneáil sa tír agus chun leanúint de thallann idirnáisiúnta ó thíortha eile ar fud an domhain a mhealladh, caithfidh soláthar tithíochta inacmhainne agus cóiríochta ar cíos ar ardchaighdeán a bheith ina thosaíocht go fóill. Anuas air sin, ba cheart go mbeadh comhfhorbairt áite chun tosaigh i bhforbairt na hÉireann le caighdeán beatha níos fearr do shaoránaigh a chur chun cinn. D'fhéadfadh comhfhorbairt rathúil áite buntáiste a thabhairt ó thaobh na tallann agus scileanna ar a mbraitheann IDE a mhealladh agus a choinneáil. Mar sin cuireann GFT fáilte roimh an soláthar maoinithe faoi na Cistí Athnuachana agus Forbartha Uirbí agus Tuaithe in Tionscadal Éireann 2040 chun go mbeidh cathracha agus bailte na hÉireann níos fearr mar áiteanna le hinfheistíocht a dhéanamh, le hoibriú agus le cónaí iontu. D'fhéadfadh feabhsúcháin ar chostas measartha tionchar suntasach a bheith acu. Leanann GFT d'údaráis áitiúla ar fud na tíre a spreagadh chun béim láidir a leagan ar chomhfhorbairt áite ina sainchúraim fheidhmeacha.

## Conclúid

De réir mar a dhéanaimid iarracht deiseanna a fhiorú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sna míonna agus sna blianta atá amach romhainn, leanfaidh GFT de bheith ag obair go dlúth i gcomhar le RFTF, Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile, agus le raon leathan comhlachtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Tá GFT fíorbhuíoch de na daoine sin a thug tacaíocht gach lá chun cuidiú leis an nGníomhaireacht a misean a bhaint amach, is é sin IDE a bhuachan agus a fhorbairt, agus poist, tionchar eacnamaíochta agus deiseanna a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann. Aithníonn GFT tiomantas agus tacaíocht leanúnach ár gcliantchuideachtaí. Molaimid iad as an teacht aniar a léirigh siad le bliain anuas agus as an muinín atá acu as Éirinn.


Is mian linn buíochas ar leith a ghabháil le foireann GFT in Éirinn agus thar lear as a gcuid tiomantais le linn na gcúinsí deacra chun cinnte a dhéanamh de gur chuir GFT seirbhís leanúnach ar fáil in ainneoin na paindéime. Ba de bharr thiomantas, saineolas agus díograis na mball foirne ar fud na Gníomhaireachta a bhí torthaí láidre ag GFT in 2020.

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
An Príomhfheidhmeannach

7 POS, Caiteachas Gnó ar T&F 2019-2020.

# Staitisticí



# Staitisticí

## Táscairí GFT Éireann

| Táscaire | Luach 2020 |
|---|---|
| Líon Iomlán Infheistíochtaí Faofa | 246 |
| Líon Infheistíochtaí ó Chuideachtaí Nua | 95 |
| Líon Infheistíochtaí Leathnaithe | 73 |
| Líon Infheistíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta | 46 |
| Infheistíocht in Infheistíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta | €1bn |
| Infheistíochtaí Oiliúna | 28 |
| Infheistíochtaí Comhshaoil | 4 |
| % d'Infheistíochtaí Lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath | 52% |
| % na Jabanna a Faomhadh Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath | 42% |
| % de Phoist Fhaofa a bhfuil Tuarastail níos airde ná €35,000 leo | 95% |
| Meántuarastal sna hInfheistíochtaí | €56,100 |

### Tír Thionscnaimh na gCuideachtaí a Thug GFT Éireann Tacaíocht Dóibh 2020

| Tír Thionscnaimh | Líon Cuideachtaí | Fostaíocht Iomlán* |
|---|---|---|
| Stáit Aontaithe | 861 | 181,141 |
| An Ghearmáin | 93 | 14,361 |
| An Ríocht Aontaithe | 147 | 8,071 |
| An Fhrainc | 77 | 8,116 |
| An Chuid Eile den Eoraip | 188 | 20,773 |
| An Chuid Eile den Domhan | 250 | 24,932 |
| **Iomlán** | **1,616** | **257,394** |

**Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta RFTF 2020.**

Nóta: Fostaithe Lánaimseartha agus Páirtaimseartha san áireamh.

## Fostaíocht i gCuideachtaí a dTacaíonn GFT leo

| | 2020 |
|---|---|
| **Poist Bhreise** | **20,123** |

**Foinse: GFT Éireann 2020**

## Fostaíocht i gCuideachtaí a dTacaíonn GFT leo

| | 2019 | 2020 |
|---|---|---|
| Fostaíocht Iomlán* | 248,450 | 257,394 |
| Lánaimseartha | 227,164 | 236,544 |
| Eile | 21,286 | 20,850 |
| Glanathrú ar Fhostaíocht Iomlán | 14,847 | 8,944 |
| **% Glanathrú ar Fhostaíocht Iomlán** | **6%** | **4%** |

**Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta na RFTF 2020, Sonraí Amshraithe.**

Nóta: Áirítear ar an bhfostaíocht eile fostaithe páirtaimseartha agus fostaithe ar conradh gearrthéarmach.

## Fostaíocht Iomlán de réir Réigiúin i gComhlachtaí ar Thug GFT Éireann Tacaíocht Dóibh

| Réigiúin GFT | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | % Athrú 2019/2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Teorainn | 7,624 | 7,921 | 8,206 | 8,722 | 8,651 | -1% |
| Baile Átha Cliath agus an tOirthear Láir | 101,156 | 107,167 | 115,408 | 125,580 | 131,101 | 4% |
| Iarthar Láir | 20,001 | 21,343 | 22,554 | 24,031 | 24,169 | 1% |
| Lár Tíre | 4,788 | 5,044 | 5,714 | 6,195 | 6,308 | 2% |
| Oir-Dheisceart | 11,911 | 12,573 | 13,324 | 13,096 | 13,461 | 3% |
| Iar- Dheisceart | 37,989 | 39,627 | 42,160 | 43,812 | 46,009 | 5% |
| Iarthar | 22,271 | 24,154 | 26,237 | 27,014 | 27,695 | 3% |
| **Iomlán** | **205,740** | **217,829** | **233,603** | **248,450** | **257,394** | **4%** |

**Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta RFTF 2020.**

Nóta: Áirítear ann fostaithe páirtaimseartha, sealadacha agus fostaithe ar conradh gearrthéarmach.

## Fostaíocht Iomlán de réir Earnála sna Cuideachtaí a dTacaíonn GFT Éireann leo

| Earnáil | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | % athrú 2019/2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Táirgí Cógaisíochta agus Bia | 27,092 | 28,302 | 30,198 | 32,288 | 34,187 | 6 |
| Ríomhairí, Leictreonaic agus Trealamh Optúil | 20,531 | 20,173 | 19,928 | 19,901 | 21,050 | 6 |
| Gléasra agus Soláthairtí Leighis agus Fiaclóireachta | 29,502 | 31,500 | 33,874 | 35,946 | 36,304 | 1 |
| Déantúsaíocht Eile | 19,240 | 19,948 | 21,385 | 21,405 | 20,699 | -3 |
| Seirbhísí Airgeadais | 24,943 | 26,999 | 27,217 | 29,167 | 29,419 | 1 |
| Faisnéis agus Cumarsáid | 75,406 | 80,595 | 87,618 | 94,105 | 99,357 | 6 |
| Seirbhísí Gnó agus Eile | 9,026 | 10,312 | 13,383 | 15,638 | 16,378 | 5 |
| **Iomlán** | **205,740** | **217,829** | **233,603** | **248,450** | **257,394** | **4** |

**Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta RFTF 2020.**

## Tionchar Eacnamaíoch na hInfheistíochta Dírí Eachtraí

**Measann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go gcruthaítear 8 bpost eile sa gheilleagar i gcoitinne mar thoradh ar gach 10 bpost a chruthaítear go díreach mar gheall ar an Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (IDE).** Freagraíonn sé sin do 463,309 post ar thacaigh FDI leo ag deireadh na bliana 2020. Bíonn tionchar dearfach ag sochair thánaisteacha eacnamaíocha ar an tionscal tógála, ar an earnáil mhiondíola agus ar an tionscal fáilteachais.

Cuimsíonn torthaí an tsuirbhé ABSEI (Suirbhé Bliantúil Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch) le haghaidh 2019 (na sonraí is déanaí atá ar fáil) sonraí maidir le hOnnmhairí, Caiteachas Gheilleagar na hÉireann, Taighde agus Forbairt intí agus infheistíocht chaipitiúil:

- Tháinig méadú **10.7% go dtí €255.3bn** ar onnmhairí chliaint GFT in 2019.
- Tháinig méadú **14.8% go dtí €25.2bn** ar an gcaiteachas i ngeilleagar na hÉireann in 2019. Is ionann é sin agus caiteachas párolla **(€15.1bn)**, seirbhísí Éireannacha **(€7.4bn)**, agus ábhair Éireannacha **(€2.7bn)**.
- Tháinig méadú **17.2% go dtí €2.6bn** ar an infheistíocht intí ar Thaighde agus Forbairt in 2019.
- D'infheistigh cliaint GFT **€7.4bn** i dtionscadail chaipitiúla in 2019.

## Costas GFT Éireann in aghaidh an Phoist Choimeádta ag Buanphraghsanna 2020

| | 2007/13 | 2008/14 | 2009/15 | 2010/16 | 2011/17 | 2012/18 | 2013/19 | 2014/20 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **PLA marthanach***| 44,752 | 49,452 | 56,973 | 69,611 | 77,099 | 94,880 | 104,690 | 110,063 |
| **CGPM**** | **€12,824** | **€12,057** | **€10,732** | **€9,282** | **€8,146** | **€6,622** | **€5,898** | **€5,935** |

**Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta RFTF 2020**

Nóta: Déantar an costas in aghaidh an phoist chothaithe a ríomh trí chaiteachas deontais GFT Éireann do gach gnólacht i dtréimhse an ríomha a chur san áireamh.

Ní dhéantar ach poist a cruthaíodh agus a cothaíodh le linn agus suas go dtí deireadh gach tréimhse seacht mbliana a chur do shochar sna ríomhanna.

*PLA = Post Lánaimseartha.

*CGPM = An Costas ar Gach Post Marthanach

# Comhshaol, Cúrsaí Sóisialta agus Rialachas



# Comhshaol, Cúrsaí Sóisialta agus Rialachas

## Feidhmíocht maidir le Comhshaol, Cúrsaí Sóisialta agus Rialachas (CCSR)

Tráth a bhfuil géarchéim idirnáisiúnta aeráide, corraíl shibhialta agus deighilt eacnamaíochta ann, d'athnuaigh GFT ár dtiomantas do IDE a mhealladh ar bhealach a dhéanann fás inbhuanaithe a chur chun cinn agus a fheabhsú. Tá cúig colún straitéis 2021-24 na Gníomhaireachta ar aon dul le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus faigheann na colúin treoir uathu freisin; léiríonn siad uaillmhian an Chláir Rialtais le torthaí folláine agus inbhuanaitheachta a chur chun cinn ag an am céanna le rath eacnamaíochta; agus léiríonn siad tábhacht mhéadaithe na dtosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais i straitéisí corparáideacha na gcuideachtaí ilnáisiúnta.

## An Comhshaol

Shocraigh GFT sprioc chun 60 infheistíocht inbhuanaitheachta comhshaoil a bhuachan le linn na tréimhse go dtí 2024. Oibreoimid i gcomhar le cliaint reatha chun Pleananna Corparáideacha um an Athrú Aeráide (PCAAanna) a fhorbairt chun bunús a thabhairt le haghaidh a lorg carbóin in Éirinn a laghdú. Ag an am céanna, iarrfaimid infheistíochtaí ar leith nua sa gheilleagar glas a bhuachan i bhfo-earnálacha agus samhlacha gnó atá ag teacht go dlúth le láidreachtaí na hÉireann.

Chomh maith leis sin, leanfaidh an Ghníomhaireacht de bhearta a ghlacadh chun ár lorg carbóin féin agus an tionchar comhshaoil i gcoitinne a laghdú. Oibreoimid i dtreo na spriocanna uaillmhianacha 2030 don earnáil phoiblí i leith éifeachtúlach fuinnimh agus dícharbónaithe a bhaint amach, díreoimid ar fheabhsúchán 25% ar éifeachtúlacht fuinnimh GFT roimh 2024 agus tástálfaimid bearta bithéagsúlachta ar bhonn píolótach i gcúig pháirc gnó GFT ar a laghad. Déanfaidh ár mbearta pleanáilte sa tréimhse go dtí 2024 forbairt ar ár ndul chun cinn go dtí seo, lena n-áirítear feabhsúchán 54.4% ar éifeachtúlacht fuinnimh in 2019 i gcomparáid le leibhéil bhonnlíne 2009 agus tionscnaimh éagsúla ar fud foirgnimh GFT agus tionscadail infreastruchtúir, cosúil le creidiúnú Ceannaireacht i nDearadh Fuinnimh agus Comhshaoil (LEED) inár gClár Réigiúnach Réadmhaoine[1].

## Cúrsaí Sóisialta

Cruthaíonn cliantchuideachtaí GFT poist ar ardchaighdeán a íocann go maith agus a chuireann deiseanna ardaithe ar fáil. Measeadh gurbh ionann an meántuarastal i gcliantchuideachtaí GFT agus €70,090 in 2019[2]. Leanann GFT ar aghaidh ag díriú ar infheistíochtaí ag a mbeadh tuarastail os cionn an mheáin náisiúnta agus táimid ag obair chun feabhas a chur ar ár dteagmháil le cliaint maidir le hoiliúint agus uas-sciliú. Tá sé riachtanach cinnte a dhéanamh de go mbíonn lucht saothair éagsúil agus comhdheiseanna do chách ann chun go n-éireoidh le gnólachtaí. Pléann beagnach 9 as 10 gcliant GFT leis an gclár freagrachta sóisialta corparáidí (FSC) i réimsí éagsúla, forbairt san ionad oibre agus éagsúlacht agus ionchuimsiú san áireamh. Is ceannairí iad go leor cliant ina réimsí féin. Inár straitéis nua, gheall GFT go n-oibreoimid i gcomhar le cliantchuideachtaí, thar an Rialtas agus le príomhpháirtithe leasmhara chun tuilleadh dul chun cinn a bhaint amach, cosúil leis an mbearna ionadaíochta idir na hinscní a dhúnadh agus feabhas a chur ar thorthaí fostaíochta i measc grúpaí atá faoi ghannionadaíocht. Leanaimid ar aghaidh ag obair, mar shampla, leis an grúpa Balance for Better Business. Leag siad sprioc síos maidir le sciar na mban i róil shinsearacha cheannaireachta in Éirinn chun dul chun cinn a spreagadh. Is é an sprioc gur mná a bheidh in 40% de na róil sin faoi 2023, i gcomparáid leis an mbonnlíne de 30% in 2020. Leanann GFT freisin de bheith ag obair go réamhghníomhach leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir lena hobair faoi conas infheistíocht a chuireann nuálaíocht, poist agus scileanna ar ardchaighdeán, comhionannas inscne agus an t-aistriú i dtreo todhchaí ísealcharbóin chun cinn a mhealladh.

1 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Tuarascáil Bhliantúil 2020 maidir le Feidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh san Earnáil Phoiblí


2 Áireamh GFT bunaithe ar shonraí SBGTE le haghaidh 2019

# Comhshaol, Cúrsaí Sóisialta agus Rialachas (ar lean)

Chun go n-éireoidh linn sa timpeallacht dhomhanda ina n-oibrímid, ní mór do GFT cultúr tacúil, éagsúil agus ionchuimsitheach a chothú inar féidir lenár bhfoirne oibriú, forbairt agus a bheith faoi bhláth. Sa bhliain 2020, rinne GFT iarracht na hacmhainní agus an tacaíocht a bhí ag teastáil ónár gcomhghleacaithe a chur ar fáil dóibh ag tráth dúshlánach. Áiríodh air sin trealamh a chur ar fáil chun cianobair a chumasú, cumarsáid rialta maidir le plean leanúnachais gnó GFT, agus an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (CCF) i gcomhar le VHI Healthcare. D'fhorbair GFT polasaithe freisin maidir le cianobair agus sábháilteacht san ionad oibre roimh fhilleadh na foirne ar an oifig. Anuas air sin, d'oibrigh an Ghníomhaireacht le bliain anuas le hIonad na hÉireann um Éagsúlacht chun Plean Gníomhaíochta nua a fhorbairt maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú. Beidh sé mar aidhm ag an bPlean Gníomhaíochta cultúr tacúil in GFT a chothú, agus ar an mbealach sin forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh éagsúlachta agus ionchuimsithe ar thugamar fúthu le blianta beaga anuas. Bhí Coiste FSC GFT fó gníomhach in 2020, agus chruinnigh comhghleacaithe ar fud na Gníomhaireachta airgead agus d'ardaigh siad feasacht ar ár gcomhpháirtithe carthanachta: LauraLynn in 2019/20 agus Jigsaw in 2020/21.



# Ráitis Airgeadais



# An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

**Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail Éireann**

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**
Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail Éireann (GFT Éireann) Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail Éireann (GFT Éireann) don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 7 den chéad sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais


- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe,
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach,
- an ráiteas faoin staid airgeadais,
- an ráiteas faoi shreafaí airgid agus,
- na nótaí gaolmhara, achoimre ar pholasaithe cuntasaíochta suntasacha san áireamh.

I mo thuairim féin, tugann na ráitis airgeadais léargas cothrom fíor ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais GFT Éireann ag 31 Nollaig 2020 agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais do 2020 de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.*

**Bonn na tuairime**
Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (CIIanna) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin in aguisín na tuarascála seo. Tá mé neamhspleách ar GFT Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair mé dóthanach agus cuí le bonn a chur ar fáil do mo thuairim.

**Tuairisc ar eolas seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile**
Tá eolas áirithe eile chomh maith le ráitis airgeadais curtha ar fáil ag GFT Éireann. Áirítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí tuairiscithe maidir le heolas den chineál sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú go heisceachtúil, le fáil in aguisín na tuarascála seo. Níl aon rud le tuairisciú agam ina thaobh sin.



**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
18 Meitheamh 2021

# Aguisín ar an Tuarascáil

**Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird**
Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá na comhaltaí Boird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 7 den chéad sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail 1993,
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas cothrom fíor de réir FRS102,
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú,
- a mheas an bhfuil prionsabal cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh á úsáid mar is cuí, agus,
- aon rialú inmheánach a mheasann siad go bhfuil gá leis chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha a ullmhú, cibé acu an de bharr calaoise nó earráide a tharlaíonn sé.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
Éilítear orm faoi alt 7 den chéad sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail 1993 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais GFT Éireann agus tuairisc a thabhairt faoi do Thithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus mé ag déanamh an iniúchta ná ráthaíocht réasúnach a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha. Is ionann ráthaíocht réasúnach agus leibhéal ard ráthaíochta, ach ní barántas é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna míráiteas ábhartha nuair is ann dó. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha, ina n-aonar nó go comhiomlán, má cheaptar go réasúnach go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíochta a thógann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim i bhfeidhm mo bhreith ghairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil orm féin. Agus mé á dhéanamh,

- Aithním agus measaim rioscaí míshonruithe ábhair na ráitis airgeadais más de bharr calaoise nó earráide é; dearaim modhanna iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta atá dóthanach agus cuí le bonn a leagan do mo thuairim. Tá riosca níos airde ag baint leis mura mbraitear míráiteas ábhartha a bhaineann le calaois seachas le hearráid, mar go bhféadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh bheartaithe, mífhaisnéisí, nó scoitheadh rialú inmheánach a bheith mar chuid de.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun modhanna iniúchta a dhearadh a bheidh oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha é sin.
- Measúnaim ábharthacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe a bhaineann leo.
- Déanaim cinneadh faoi oiriúnacht na húsáide a baineadh as prionsabal cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchta a fhaighim, cinnim cibé acu an bhfuil no nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann leis na himeachtaí nó le coinníollacha a chaitheadh amhras suntasach ar chumas GFT Éireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantaigh. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de dhualgas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe a bhaineann leis sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil na nochtuithe sin sásúil, mo thuairim a athrú. Tá mo chinneadh bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta na tuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh ar chumas GFT Éireann leanúint mar ghnóthas leantaigh de bharr imeachtaí nó coinníollacha sa todhchaí.
- Déanaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais a mheas, na nochtuithe san áireamh, agus déanaim cinneadh faoi cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léargas cóir nó nach léiríonn.

Déanaim teagmháil leo siúd a bhfuil cúram orthu faoi rialachas maidir leis an scóip agus am atá beartaithe don iniúchadh agus torthaí iniúchta suntasacha, i measc ábhair eile, agus aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a sainaithním le linn mo chuid iniúchta.

**Eolas seachas na ráitis airgeadais**
Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile a thugtar leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon tátail ráthaíochta ina thaobh.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna eolas eile a chuirtear faoi mo bhráid a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas eile ar neamhréir go bunúsach leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an mbreathnaíonn sé go bhfuil míráiteas ábhartha de chineál eile ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go gcinnim go bhfuil míráiteas ábhartha san eolas eile seo, tá sé do dhualgas orm é sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**
Cuirtear m'iniúchadh i gcrích le tagairt do na gnéithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus a n-oibriúcháin. Tuairiscím má aithním nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an mbealach inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Féachaim le fianaise a fháil i gcúrsa an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Déanaim tuairisc dó má aithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na críche a leagadh síos ina leith nó sa chás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a bhí á rialú.

Tuairiscím freisin de réir eisceachta, i mo thuairim,

- Mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh faighte agam, nó
- nó mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- mura raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Rialachas**
Is gníomhaireacht reachtúil uathrialach í GFT Éireann a bunaíodh faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail 1986 - 2019. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht i gcomhréir le forálacha na nAchtanna agus faoi choimirce an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, a bhfuil sé de chumhacht aige nó aici cistí a sholáthar chun a chuid oibleagáidí a chur i gcrích agus treoracha ginearálta beartais a eisiúint/eolas a lorg faoi ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Cé gurb iad na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail an phríomhfhoinse rialachais chorparáide do GFT Éireann, tá dualgas ar an nGníomhaireacht freisin cloí le raon riachtanas reachtúil (Náisiúnta agus AE) agus d'aon riachtanas riaracháin eile. Dearbhaíonn GFT Éireann go bhfuil a cuid oibleagáidí comhlíonta aige maidir leis na riachtanais seo ar fad. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm aige d'fhonn a chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh sainriachtanas:

**1. Riachtanais Ghinearálta Riaracháin agus Bheartais**
Oibríonn GFT Éireann ag leibhéal náisiúnta i gcomhar le hoifigigh na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le hoifigigh ó Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile, chun a cuid cuspóirí a chur chun cinn agus le cinntiú go bhfuiltear ag cloí le riachtanais reachtúla, riaracháin agus Aireachta/Rialtais. Oibríonn an Ghníomhaireacht ag leibhéal áitiúil le hÚdaráis Áitiúla, Forais Oideachais, Gníomhaireachtaí Stáit eile agus le réimse leathan Eagraíochtaí Áitiúla/Ionadaithe Poiblí chun an timpeallacht áitiúil a fhorbairt a bhfuil gá leis chun infheistíocht nua a mhealladh. Leanann GFT Éireann de threoir beartais a d'eisigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an 18 Nollaig 2006 a chur i bhfeidhm. Leis an treoir éilítear ar GFT cloí leis na Treoirlínte, Rialacháin Bhlocdhíolúine, Creataí agus scéimeanna ábhartha ar fad a bhaineann le Cabhair Réigiúnach agus le deontais taighde agus forbartha a chur ar fáil.

**2. Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

**Ráiteas Cloí**
Tá glactha ag an mBord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a chinntiú go gcloífear leis an gCód. Chloígh GFT Éireann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2020, faoi réir tarscaoilte ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le riachtanas i gciorclán 2014, mar atá luaite sa Ráiteas faoin Rialú Inmheánach.

Alt 2.6: Arna chomhlíonadh ag Cathaoirleach an Bhoird i litir ar leith a thugtar don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Ailt 1.8 & 7.5 (iii): Tá córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothú agus á fheidhmiú ag an nGníomhaireacht (Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, leathanach 28).

Alt 9: Tá beartas an Rialtais um pá na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na bhfostaithe i gcomhlachtaí Stáit á chomhlíonadh (Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 2020, leathanaigh 21 -27 agus na Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais Uimh, leathanaigh 34-45).

Ailt 1.15 agus 1.17: D'fhaomh an Bord straitéis bliana don bhliain 2020 agus d'fhaomh sé straitéis ceithre bliana GFT do na blianta ó 2021-2024. Lena chois sin, tá an Bord tar éis próisis a bhunú d'fhonn pleanáil chorparáideach fhónta a chinntiú, etc., de réir mar a éilítear san Alt seo (Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 2020, lethanach 21 agus Ráiteas ar Rialú Inmheánach, leathanach 28).

Alt 9: Léiríonn nósanna imeachta taistil GFT Éireann riachtanais beartas taistil an Rialtais agus táthar ag cloí leis na nósanna imeachta sin.

Alt 8.47: Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, sa litir ar leith a thugtar don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, go bhfuil GFT tar éis a cuid oibleagáidí faoin dlí cánach a chomhlíonadh.

Tá na scéimeanna agus na cláir arna riar ag GFT Éireann i gcomhréir leis an reachtaíocht a rialaíonn feidhmiú na Gníomhaireachta agus tá córais bhainistíochta riosca ábhartha i bhfeidhm.

**3. Ráiteas Cleachtais Sp-It/1/04 na gCoimisinéirí Ioncaim ar Chóireáil Cánach Luach Saothair do Chomhaltaí na gCoistí agus na mBord Stáit agus Stát-Urraithe**
Cloíonn GFT Éireann leis an Ráiteas Cleachtais seo go hiomlán.

**4. Treoirlínte maidir le Luacháil agus Bainistiú Tograí Caiteachas Caipitil**
Tá nósanna imeachta láidre bunaithe le fada ag GFT Éireann i ndáil le Luacháil agus Bainistiú na dtionscadal Infheistíochta Capitiúla a eascraíonn ó chláir na nDeontas Caipitiúl nó Maoine. Tá na prionsabail atá sonraithe sna Treoirlínte do Luacháil agus Bainistiú na dTograí Infheistíochta Caipitiúla á gcomhlíonadh ag na nósanna imeachta seo.

**5. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004**
Tá comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú (CÉI) ina thosaíocht bhunaidh ag GFT. Tá clár oibre forásach CÉI ag an eagraíocht agus tá tionscnaimh nua á bhforbairt ar bhonn leanúnach. Is fostóir comhdheiseanna é GFT Éireann agus tá sí tiomanta d'ionad oibre ionchuimsitheach a chothú ina bhfuil meas ar éagsúlacht ár lucht oibre agus ina mbaintear leas as an éagsúlacht sin. Chuige seo, tá sí tiomanta do chinntiú nach bhfaighidh aon chomhalta foirne de chuid GFT Éireann, ná iarrthóir ar fhostaíocht in GFT Éireann, cóir is lú fabhar ná duine ar bith eile ar fhorais gnéis, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonta, creidimh, aoise, míchumais, cine, nó toisc gur den lucht siúil iad nó ar aon fhorais eile nach mbaineann le dea-chleachtas fostaíochta. Baineann sé seo le hearcaíocht, coinníollacha oibre agus deiseanna forbartha.

Tá GFT tiomanta do thimpeallacht chothromaithe oibre/saoil a chothú agus a fhorbairt don fhoireann trí chéile.

**6. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005**
Leanann GFT Éireann le bearta oiriúnacha a ghlacadh de láimh chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora laistigh dá hoifigí a chosaint agus ar mhaithe le forálacha an Achta seo a chomhlíonadh. Baineann sé seo freisin leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

**7. An tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1988**
Tá struchtúir chomhairleacha ag feidhmiú go héifeachtach in GFT Éireann agus is gné aitheanta iad de struchtúr cumarsáide agus comhairleach na heagraíochta. Glacann an lucht bainistíochta agus an fhoireann araon leis an gComhchoiste Comhairleach mar phróiseas dearfach. Ina theannta sin, tá socrú breise comhpháirtíochta bunaithe leis na Ceardchumainn chun gníomhaíochtaí a bhaineann le Comhaontú Náisiúnta Bhóthar Haddington a bhrú chun cinn.

**8. An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001**
I gcomhréir leis na hAchtanna anseo thuas tá ráitis leasa a chloíonn le forálacha na nAchtanna comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus comhaltaí foirne GFT Éireann a bhfuil poist ainmnithe acu.

**9. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014**
Cloíonn GFT Éireann leis an Acht seo. Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin Acht seo a sheoladh chuig an bhFeidhmeannas um Shaoráil Faisnéise, GFT Éireann, 3 Park Place, Sráid Haiste, Baile Átha Cliath 2.

**10. Éifeachtúlacht Fuinnimh**
Ag cloí le meamram an Rialtais ó mhí an Mheithimh 2001, cuireann GFT Éireann prionsabail an 'dea-chleachtais' i bheidhm i gcónaí i ndáil le dearadh, pleanáil agus tógáil foirgneamh oifige agus déantúsaíochta ina Pháirceanna Gnó agus Teicneolaíochta. Chomh maith leis sin, tá prionsabail an 'dea-chleachtais' á gcomhlíonadh ag oifigí GFT Éireann sna réigiúin. Tá Ceanncheathrú Dhomhanda nua ag GFT ag Three Park Place a bhfuil Rátáil Fuinnimh Foirgnimh A3 agus deimhniú 'WiredScore Platinum' aige. Áirítear le gnéithe an fhoirgnimh insliú imchlúdaigh foirgnimh ardchaighdeáin, stóráil theirmeach, bailiú báistí, painéil fhótavoltacha, cumhacht is teas in éineacht le haghaidh giniúint fuinnimh agus soilsiú LED.

**11 (I). Íoc Pras Cuntas**
Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (an tAcht) ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2013, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2014. Tá an lucht bainistíochta sásta gur chloígh an GFT le forálacha an Achta (mar a leasaíodh) sna gnéithe ábhartha uile.

**11 (II). Íocaíocht Phras le Soláthraithe**
Tá GFT Éireann tiomanta dá hoibleagáidí faoin Riail Íoc Pras 15 lá a chomhlíonadh, riail a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011.

Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le gach sonrasc bailí faighte laistigh de 15 lá féilire.

Tuairiscíonn GFT Éireann ar bhonn ráithiúil sa chuid 'Rialachas Corparáideach' (Corporate Governance) den láithreán gréasáin ar chur chun feidhme na Rialach Íoc Pras 15 lá.

**12. Nochtadh Cosanta**
I gcomhréir leis an gceanglas dlíthiúil faoi alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, tá nósanna imeachta deimhnithe agus á gcothú ag GFT Éireann maidir le nochtadh cosanta ag oibrithe a bhí, nó atá fostaithe ag GFT Éireann agus chun déileáil leis an nochtadh a dhéantar. Fuair an fhoireann faisnéis scríofa ó GFT Éireann a bhain le nósanna imeachta um nochtadh cosanta.

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le GFT Éireann in 2020.

**Freagrachtaí an Bhoird**
Bunaíodh Bord GFT Éireann faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionscal 1993. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in alt 8 den Acht sin. Tá an Bord cuntasach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá freagracht orthu rialachas maith a chinntiú agus comhlíonann siad an tasc seo trí aidhmeanna agus spriocanna a shocrú agus cinntí straitéiseacha a thógáil i leith gach príomhcheist gnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagracht maidir le bainistíocht, rialú agus treoir GFT Éireann ó lá go lá. Caithfidh an POF agus an fhoireann ardbhainistíochta an treoir straitéiseach leathan atá socruithe ag an mBord a leanúint, agus a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh tarlú. Oibríonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus bainistíocht GFT Éireann.

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i Lámhleabhar Rialachais Corparáideach ina bhfuil na hábhair freisin atá forchoimeádta go sonrach do chinntí an Bhoird. Ar na buan-mhíreanna a mheasann an Bord tá:

- dearbhú leasa,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmiúcháin, agus
- ábhair forchoimeádta.

Ceanglaíonn Alt 7 (2) den Chéad Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986, ar Bhord GFT Éireann gach cuntas cuí agus gnách i ndáil leis an airgead a fuarthas agus a caitheadh a choinneáil, i cibé foirm agus a fhaomhann an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

Éilítear ar Bhord GFT Éireann agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais sin:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- tuairimí agus meastacháin a thabhairt atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás gur míchuí a thoimhdiú go leanfaidh sí i mbun feidhme, agus
- a lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir imeachtaí ábhartha ar bith atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 7(2) den Chéad Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986. Tá cothabháil agus ionracas an eolais chorparáide agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin GFT Éireann mar fhreagracht an Bhoird.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh measúnú ar fheidhmiúchán GFT Éireann gach ráithe trí thagairt a dhéanamh don phlean agus buiséad bliantúil agus rinneadh an measúnú deiridh ar an 4 Márta 2021.

Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní uile na Gníomhaireachta a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a dhéanamh de láimh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais GFT Éireann léargas cothrom fíor d'fheidhmíocht airgeadais agus do staid airgeadais GFT Éireann amhail ar an 31 Nollaig 2020.

**Struchtúr an Bhoird**

Tá Cathaoirleach, POF agus deichniúr gnáthchomhaltaí ar an mBord, agus tá siad ar fad ceaptha ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ceapadh comhaltaí an Bhoird do thréimhse cúig bhliana agus tagann siad le chéile 10 n-uaire sa bhliain nó níos minice más gá. Tugann an tábla thíos eolas ar thréimhse cheaptha na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| Frank Ryan | Cathaoirleach | 1 Eanáir 2014 (ar scor ón 31 Nollaig 2018. Athcheaptha ar an 1 Eanáir 2019) |
| Martin Shanahan | POF | 31 Lúnasa 2014 |
| Geraldine McGinty | Gnáthchomhalta | 8 Lúnasa 2014 (ar scor ón 31 Nollaig 2017. Athcheaptha ar an 26 Eanáir 2018) |
| Barry O'Sullivan | Gnáthchomhalta | 4 Meán Fómhair 2015 (ar scor ón 31 Nollaig 2018. Athcheaptha ar an 1 Eanáir 2019) |
| Marian Corcoran | Gnáthchomhalta | 26 Lúnasa 2016 (ar scor ón 31 Nollaig 2020. Athcheaptha ar an 1 Eanáir 2021) |
| Dermot Mulligan | Gnáthchomhalta | 12 Deireadh Fómhair 2016 (ar scor ón 31 Nollaig 2020. Athcheaptha ar an 14 Eanáir 2021) |
| Mary Mosse | Gnáthchomhalta | 17 Meán Fómhair 2017 |
| Kevin Cooney | Gnáthchomhalta | 8 Meitheamh 2018 |
| Thomas (Tony) Kennedy | Gnáthchomhalta | 8 Meitheamh 2018 |
| Ann Hargaden | Gnáthchomhalta | 27 Samhain 2020 |
| Regina Moran | Gnáthchomhalta | 27 Samhain 2020 |
| Bill O'Connell | Gnáthchomhalta | 27 Samhain 2020 |

Thug an Bord faoi Athbhreithniú Measúnaithe ar Éifeachtúlacht an Bhoird i Nollaig 2020.

**Athruithe ar Phríomhphearsanra –** D'éirigh Bainisteoir Rannóige, John Conlon, as a phost le héifeacht ón 2 Deireadh Fómhair 2020.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

**Bord 2020**
Feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal dea-chleachtais um rialachas corparáideach agus de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ina chuid gníomhaíochtaí féin agus san úsáid a bhaineann sé as coistí araon.

Tá sé freagrach as beartais ghinearálta na heagraíochta a cheapadh agus a cuid oibriúcháin a mhaoirsiú. Déanann sé na feidhmeanna seo go díreach agus trí Choistí Boird fócasaithe a fheidhmiú. Is í an fhoireann bhainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme.

Tá údarás reachtúil ag an mBord chun cúnamh deontais a fhaomhadh suas go dtí na leibhéil atá sonraithe sna hAchtanna um Fhorbairt Tionscail agus cúnamh deontais sa bhreis ar na leibhéil shonraithe a mholadh don Rialtas. De réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, soláthraíonn Comhaltaí Boird GFT Éireann Ráiteas Leasanna don Rúnaí agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

I gcomhréir leis an 'gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit' 2016, cloíonn GFT Éireann go hiomlán le beartas an Rialtais i ndáil le pá Príomhoifigigh Feidhmiúcháin agus fostaithe Comhlachtaí Stáit agus le treoirlínte an Rialtais i ndáil le táillí a íoc le Comhaltaí Boird.

**Frank Ryan**
Cathaoirleach, GFT Éireann

**Martin Shanahan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, GFT Éireann

**Geraldine McGinty**
Ollamh Comhlach le Raideolaíocht Chliniciúil agus Eolaíocht Daonra, Weill Cornell Medical College, Nua-Eabhrach, Raideolaí Freastail Cúnta, Ospidéal Preispitéireach Nua-Eabhrach

**Marian Corcoran**
Bunaitheoir MC 2 Change Limited

**Dermot Mulligan**
Ard-Rúnaí Cúnta
Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

**Barry O'Sullivan**
Leasuachtarán Déantúsaíochta, Johnson and Johnson Vision Care

**Mary Mosse**
Stiúrthóir Chomhlacht Chalafort Phort Láirge
Ball de Choimisiún Phá Íseal
Scrúdaitheoir Seachtrach, Cardiff Metropolitan University

**Thomas (Tony) Kennedy**
POF, Tawin Consulting

**Kevin Cooney**
Iar-Leasuachtarán Sinsearach, Iar-Stiúrthóir Bainistíochta EMEA, CIO, Xilinx Inc

**Ann Hargaden**
Sainchomhairleoir, Lisney Ireland.

**Bill O'Connell**
Príomhaí, BOC Consulting Services

**Regina Moran**
Leasuachtarán, Tionscadail Straitéiseacha & Athrú
Fujitsu

**John Nolan**
Rúnaí, GFT Éireann

Tugtar achoimre ar struchtúr choistí an Bhoird thíos. Tháinig athrú ar an struchtúr ag tús 2021 nuair a cuireadh coistí nua in áit na coistí seo – An Coiste Maoine, An Coiste Forbartha Réigiúnaí, Coiste na dTionscnamh Forbartha Earnála agus An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair. Cuireadh na coistí seo a leanas ina n-áit: - An Coiste Forbartha Réigiúnaí agus Maoine, An Coiste Nuálaíochta agus Forbartha Inbhuanaithe agus An Coiste Forbartha Eagraíochtúla.

**An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca**
Cuidíonn sé agus tacaíonn sé leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí dlíthiúla agus cuntasaíochta a chomhlíonadh; déanann sé cumarsáid le hiniúchóirí seachtracha agus déanann sé measúnú agus rialú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh; déanann sé athbhreithniú ar phleanáil airgeadais agus ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais. Déanann sé maoirseacht freisin ar chur chun feidhme bheartas riosca na heagraíochta lena n-áirítear forbairt a chlár riosca agus monatóireacht ar shocruithe buiséadaithe agus baincéireachta.

**Comhaltaí 2020**
Geraldine McGinty (Cathaoirleach)
Dermot Mulligan
Mary Mosse
Tony Kennedy
Liam Rattigan
(Comhalta den Choiste Sheachtrach)

**Comhaltaí 2021**
Geraldine McGinty (Cathaoirleach)
Dermot Mulligan
Tony Kennedy
Ann Hargaden
Regina Moran
Liam Rattigan (ar scor ón 31 Márta 2021)
(Comhalta den Choiste Sheachtrach)

**An Coiste Maoine (2020)**
Rinne sé athbhreithniú ar bheartas i ndáil le maoiniú, soláthar, cothabháil agus diúscairt maoine; rinne sé nósanna imeachta a fhaomhadh maidir le tairiscintí agus bronnadh conarthaí agus rinne sé caiteachas/díolacháin suas le €12 milliún a fhaomhadh.

**Comhaltaí 2020**
Marian Corcoran (Cathaoirleach)
Mary Mosse
Martin Shanahan
Dermot Mulligan
Kevin Cooney

**An Coiste Forbartha Réigiúnaí (2020)**
Sholáthraigh sé treoir faoi ghnéithe forbartha réigiúnaí de Straitéis GFT a chur chun feidhme. Rinne sé athbhreithniú agus monatóireacht ar spriocanna réigiúnacha bliantúla agus carnacha GFT agus ar a rannpháirtíocht i bhforbairt straitéise náisiúnta agus réigiúnaí.

**Comhaltaí 2020**
Barry O'Sullivan (Cathaoirleach)
Dermot Mulligan
Mary Mosse
Tony Kennedy
Mary Buckley

**Coiste na dTionscnamh Forbartha Earnála (2020)**
Rinne Coiste na dTionscnamh Forbartha Earnála athbhreithniú ar thionscnaimh/infheistíochtaí earnála agus mhol sé tionscnaimh/infheistíochtaí don Bhord. Rinne sé monatóireacht ar thionscnaimh earnála agus rinne sé cinnte de go bhfuil an bonneagar ann chun tacú leis na tionscnaimh.

Rinne sé athbhreithniú ar dhul chun cinn i ndáil le tionscadal infheistíochta na hInstitiúide Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (INTOB) d'fhonn a chinntiú go raibh sé ag soláthar de réir na gcuspóirí agus na gcoinníollacha atá faofa ag Bord GFT.

**Comhaltaí 2020**
Geraldine McGinty (Cathaoirleach)
Barry O'Sullivan
Marian Corcoran
Tony Kennedy
Kevin Cooney

**An Coiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair (2020)**
Rinne sé athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí agus téann sé i mbun pleanála i leith forbairt agus comharbas bainistíochta. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar luach saothair na bainistíochta sinsearaí i gcomhthéacs threoirlínte an Rialtais.

**Comhaltaí 2020**
Frank Ryan (Cathaoirleach)
Marian Corcoran
Martin Shanahan
Kevin Cooney

**An Coiste Forbartha Réigiúnaí agus Maoine (2021)**
Soláthraíonn an Coiste Forbartha Réigiúnaí treoir faoi ghnéithe forbartha réigiúnaí de Straitéis GFT a chur chun feidhme. Déanann sé athbhreithniú agus monatóireacht ar spriocanna réigiúnacha bliantúla agus carnacha GFT agus ar a rannpháirtíocht i bhforbairt straitéise náisiúnta agus réigiúnaí. Déanann sé athbhreithniú ar bheartas i ndáil le maoiniú, soláthar, cothabháil agus diúscairt maoine; déanann sé nósanna imeachta a fhaomhadh maidir le tairiscintí agus bronnadh conarthaí agus déanann sé caiteachas/díolacháin suas le €12 milliún a fhaomhadh.

**Comhaltaí 2021**
Marian Corcoran (Cathaoirleach)
Dermot Mulligan
Mary Mosse
Barry O'Sullivan
Geraldine McGinty
Bill O'Connell
Ann Hargaden
Martin Shanahan

**An Coiste Nuálaíochta agus Inbhuanaitheachta (2021)**
Soláthraíonn sé treoir maidir le forbairt inbhuanaithe eacnamaíochta a chur chun cinn ag GFT ar aon dul le beartas an Rialtais; maidir le tacaíocht a thabhairt do chlaochlú earnála agus tionscail trí nuálaíocht, caipiteal daonna a fhorbairt agus ardteicneolaíochtaí déantúsaíochta a ghlacadh; agus maidir le taighde agus forbairt i measc cuideachtaí a mhéadú.

**Comhaltaí 2021**
Barry O'Sullivan (Cathaoirleach)
Mary Mosse
Kevin Cooney
Dermot Mulligan
Tony Kennedy
Bill O'Connell
Regina Moran

**An Coiste Forbartha Eagraíochtúla (2021)**
Déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí agus téann sé i mbun pleanála don fhorbairt agus don chomharbas bainistíochta. Tugann an Coiste treoir freisin maidir le forbairt eagraíochtúla agus maidir le Polasaí Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na Gníomhaireachta.

**Comhaltaí 2021**
Frank Ryan (Cathaoirleach)
Marian Corcoran
Martin Shanahan
Kevin Cooney

**An Coiste Infheistíochta Bainistíochta**
Déanann sé athbhreithniú ar gach togra cúnaimh deontais agus molann sé don Bhord iad. Faoi chumhachtaí a bhí tarmligthe ag an mBord, ceadaíonn an Coiste deontais suas le €900,000 ar an méid.

**Comhaltaí 2020**
Martin Shanahan (Cathaoirleach)
Mary Buckley
Eileen Sharpe
Regina Gannon
Leo Clancy

**Comhaltaí 2021**
Martin Shanahan (Cathaoirleach)
Mary Buckley
Eileen Sharpe
Regina Gannon
Denis Curran

**Sceideal Freastail, Táillí agus Caiteachais an Bhoird**
Tá sceideal freastail chruinnithe Boird agus Coistí do 2020 leagtha amach thíos mar aon leis na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta.

| | Bord | An Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca | Coiste Maoine an Bhoird | An Coiste Forbartha Réigiúnaí | Forbairt Bhainistíochta agus Luach Saothair | An Coiste Tionscnaíochta Forbartha Earnála | Táillí 2020 € Coiste | Speansais 2020 € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon Cruinnithe | 10 | 5 | 10 | 4 | 6 | 4 | | |
| Frank Ryan (Cathaoirleach) | 10 | - | - | - | 6 | - | 20,520 | 286 |
| Martin Shanahan (Príomhfheidhmeannach) | 9 | - | 9 | - | 6 | - | - | - |
| Kevin Cooney | 10 | - | 9 | - | 6 | 4 | 11,970 | - |
| Marian Corcoran | 10 | - | 10 | - | 6 | 4 | 11,970 | - |
| Ann Hargaden | 1 | - | - | - | - | - | - | - |
| Tony Kennedy | 10 | 5 | - | 4 | - | 3 | 11,970 | 2,903 |
| Geraldine McGinty | 9 | 5 | - | - | - | 4 | 11,970 | 2,524 |
| Regina Moran | 1 | - | - | - | - | - | - | - |
| Mary Mosse | 9 | 5 | 9 | 4 | - | - | 11,970 | - |
| Dermot Mulligan | 9 | 4 | 9 | 1 | - | - | - | - |
| Bill O'Connell | 1 | - | - | - | - | - | - | - |
| Barry O'Sullivan | 10 | - | - | 4 | - | 4 | 11,970 | 199 |
| | | | | | | | **92,340** | **5,912** |

B'ionann caiteachas Chomhaltaí an Bhoird in 2020 agus €5,912 agus é briste síos mar seo a leanas: €874 ar chóiríocht agus €5,038 ar chostais eile taistil, ar chostais chothabhála agus ar chostais dheimhnithe bhia.
Ní raibh aon Chruinniú Boird Réigiúnach nó Thar Lear ar siúl in 2020.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar lean)

**Nochtadh a Éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**
Tá freagracht ar an mBord a chinntiú go bhfuil riachtanais an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") á chomhlíonadh, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad i Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas.

| Miondealú Tuarastal Buan | Líon na bhFostaithe (CL) | |
|---|---|---|
| **Sochair d'Fhostaithe** | **2020** | **2019** |
| €60,000 go €70,000 | 34 | 43 |
| €70,001 go €80,000 | 35 | 32 |
| €80,001 go €90,000 | 28 | 31 |
| €90,001 go €100,000 | 33 | 20 |
| €100,001 go €110,000 | 11 | 9 |
| €110,001 go €120,000 | 5 | 1 |
| €120,001 go €130,000 | 1 | 2 |
| €130,001 go €140,000 | - | 1 |
| €140,001 go €150,000 | 2 | 5 |
| €150,001 go €160,000 | 9 | 10 |
| €160,001 go €170,000 | 3 | 1 |
| €170,001 go €180,000 | 1 | - |
| €180,001 go €190,000 | 1 | 1 |

**Costais Chomhairleachta**
Cuimsíonn Costais Chomhairleachta costas chomhairle sheachtrach don bhainistíocht ach ní chuirtear san áireamh feidhmeanna 'gnó mar is gnách' atá seachfhoinsithe.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | **763** | 583 |
| Measúnú agus Staidéar Tráchtála & Teicniúil | **187** | 217 |
| Comhairle Airgeadais / Achtúireach | **34** | - |
| Acmhainní Daonna | **93** | 52 |
| Feabhas Gnó | **2** | 9 |
| Eile | **83** | 17 |
| | **1,162** | 878 |
| Costais chomhairleachta caipitilithe Costais | - | - |
| chomhairleachta gearrtha ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coinnithe | **1,162** | 878 |
| | **1,162** | 878 |

**Costais agus Socraíochtaí Dlí**
Tugann an tábla thíos miondealú ar mhéideanna atá aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus próisis chomhréitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Níl caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ginearálta a fuair an GFT agus atá nochtaithe sna costais Chomhairleachta thuas san áireamh.

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí - Imeachtaí Dlí | **625** | 435 |
| Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána | - | - |
| Socraíochtaí | - | - |
| | **625** | 435 |

Baineann Costais Dlí le himeacht dlí atá ar siúl ina bhfuil páirt ag GFT ann.

**Caiteachas Taistil agus Cothabhála**

| Tá catagóiriú déanta ar chaiteachas taistil agus cothabhála mar a leanas: | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Intíre | | |
| - Bord | **4** | 14 |
| - Fostaithe | **404** | 1,635 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Bord | **2** | 7 |
| - Fostaithe | **355** | 1,668 |
| | **765** | 3,324 |

**Caiteachas Fáilteachais**

| Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais: | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Intíre | | |
| - Bord | - | - |
| - Fostaithe | - | 9 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - Bord | - | - |
| - Fostaithe | - | - |
| | - | 9 |

Dáta: 17 Meitheamh 2021

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
An Príomhfheidhmeannach

# Ráiteas ar an Rialú Inmheánach

**Scóip Freagrachta**
Thar ceann Bhord an GFT, aithním ár bhfreagracht as cinntiú go gcoinníonn agus go bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht córas éifeachtúil um rialú inmheánach airgeadais. Tugann an fhreagracht seo cuntas ar riachtanais Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**Aidhm an Chórais um Rialú Inmheánach**
Tá an córas um rialú inmheánach deartha le riosca a bhainistiú go leibhéal measartha ní le fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú lándearfa a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha coiscthe nó go mbraithfear iad in am tráthúil.

Cuireadh an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar bun in GFT don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

**Tarscaoileadh ó Chiorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**
D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ciorclán sa bhliain 2014 a bhain le deontais ó chistí Státchiste a bhainistiú agus le cuntasacht ina leith. Éilítear ar dheontóirí sa chiorclán sin a shonrú gur gá d'fhaighteoirí deontas eolas sainiúil a nochtadh ina ráitis airgeadais. Áirítear ar an bhfaisnéis sin sonraí faoi mhéid an deontais agus faoi conas a úsáidtear na cistí agus eolas faoi rátaí tuarastail an aonáin. D'iarr GFT tarscaoileadh i leith na gceangaltas sin ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, toisc go gcomhlíonann rialuithe láidre trasghníomhaíochta GFT aidhmeanna an Chiorcláin.
Fuair GFT an tarscaoileadh.

**Cumas Riosca a Láimhseáil**
Tá Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca (AFRC) ag an GFT ar a bhfuil ceathrar comhaltaí den Bhord agus comhalta eachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta acu, agus tá duine acu ina C(h)athaoirleach. Tháinig CIAR le chéile cúig uaire in 2020.

Tá feidhm iniúchta inmheánach seachfhoinsithe ag an GFT a thuairiscíonn díreach chuig an CIAR, a bhfuil dóthain acmhainní ar fáil dó agus a chuireann clár oibre i gcrích atá aontaithe leis an CIAR.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag CIAR a leagan amach a inghlacthachta riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus tugann sé mionsonrú ar na róil agus na freagrachtaí atá ar an bhfoireann maidir leis an riosca. Tá an polasaí tugtha don fhoireann ar fad a cheaptar a bheidh ag obair laistigh de pholasaithe bainistíochta riosca an GFT, chun bainistíocht a chur san airdeall faoi rioscaí atá ag éirí agus chun laigeachtaí a rialú agus glacadh le freagracht ar rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

**Creat Riosca agus Rialuithe**
Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an GFT a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun na rioscaí sin a mhaolú, chomh fada agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí a bhfuil an GFT ag tabhairt aghaidh orthu, agus tá siad sin aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhacht. Déanann an CIAR agus an Bord an clár a athbhreithniú agus a fhaomhadh ar bhonn bliantúil. Baintear úsáid as torthaí na measúnuithe seo le pleanáil a dhéanamh agus acmhainní a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Mionsonraíonn an clár riosca na rialúcháin agus na gníomhartha a bhfuil gá leo chun rioscaí a mhaolú agus na freagrachtaí atá sannta d'fhoireann ar leith chun rialúcháin a oibriú. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm do na heilimintí seo a leanas:

- rinneadh doiciméadú sa chlár ar na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó,
- rinneadh freagrachtaí airgeadais le cuntasaíocht chomhfhreagrach a shannadh ag leibhéal na bainistíochta,
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a ndéanann bainistíocht sinsearach athbhreithniú air,
- tá córais ann a chinntíonn slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide,
- tá córais ann chun na sócmhainní a chosaint, agus
- is é atá i gceist le nósanna imeachta rialuithe maidir le maoiniú deontas an breithmheas; measúnú teicniúil agus airgeadais; tionscadail a bhaineann le deontais a fhaomhadh agus a íoc, lena n-áirítear anailís costais is tairbhe, measúnuithe theicniúla, garspriocanna tionscadail a bhunú, íocaíochtaí a dhéanamh de réir théarmaí agus coinníollacha na gcomhaontuithe idir GFT agus an deontaí, agus forálacha a dhéanamh le haghaidh aisíocaíocht an deontais mura gcomhlíonann an tionscadal na gealltanais a rinne an tacadóir.

**Tionchar Covid-19 ar an gCreat Riosca agus Rialaithe**
Rinne GFT measúnú leanúnach ar a creat rialaithe tar éis do Covid-19 briseadh amach agus do na baill foirne ar fad tosú ag obair ó chian. Cuireadh na hardáin shábháilte teicneolaíochta a bhí ann ar fáil do na baill foirne ar fad chun éascaíocht a dhéanamh ar chianobair agus cuireadh bearta feabhsaithe cibearshlándála i bhfeidhm, oiliúint agus tástáil san áireamh. Déantar measúnú ar thionchar na rioscaí a thagann chun cinn de bharr Covid-19 mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca na gníomhaireachta agus leanfaidh GFT de na bearta riachtanacha ar fad a ghlacadh chun na rioscaí ábhartha ar fad atá aitheanta a mhaolú.

**Caiteachas Méadaithe ar Bholscaireacht agus Margaíocht mar Fhreagairt do Thionchair Eacnamaíochta COVID-19**
In Iúil 2020, thug an Rialtas sraith beart isteach dá ndearnadh tagairt mar 'Spreagadh Post i Mí Iúil'. Bhí sé mar aidhm ag an tsraith 'daoine a chur ar a seanléim arís agus a oiread daoine agus is féidir a chur ar ais ag obair arís'. Príomhghné den phacáiste spreagtha ba ea é '€10 milliún chun tacú le tionscnaimh bholscaireachta agus mhargaíochta GFT a dhíríonn ar thionscadail IDE ar mhórán post a bheidh ina gcuid riachtanach dár dtéarnamh geilleagrach'.

Tá buiséad bliantúil bolscaireachta agus fógraíochta GFT thart ar €5m agus d'fhaomh Bord GFT an plean Bolscaireachta agus Fógraíochta 2020 i Márta 2020. D'fhreagair GFT go pras agus cuireadh na socruithe riachtanacha ar bun chun an tionscnamh tábhachtach bolscaireachta agus margaíochta, ar fiú €10m é agus a leagadh amach thuas, a chur i bhfeidhm. I Meán Fómhar 2020, d'fhaomh Bord GFT an plean forlíontach Bolscaireachta agus Fógraíochta don chaiteachas breise €10m agus fuarthas deimhniú scríofa maidir leis an maoiniú i Meán Fómhair 2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ar an 8 Deireadh Fómhair 2020 d'fhaomh an Bord síneadh le conradh le gníomhaireacht pleanála agus ceannaigh meáin, i gcomhréir le rialacha soláthair suas go dtí luach €5m. Ag an am céanna le síneadh an chonartha sin, bhí próiseas tairisceana ar siúl chun gníomhaireacht pleanála agus ceannaigh meáin a cheapadh ar feadh tréimhse ceithre bliana. Cuireadh próiseas láidir soláthair ar siúl agus d'fhaomh an Bord ceapadh an tairgeora ar éirigh leis ar feadh tréimhse ceithre bliana ar an 8 Samhain 2020. Síníodh an conradh leis an tairgeoir ar éirigh leis ar an 4 Nollaig 2020.

I nDeireadh Fómhair / Samhain 2020, rinne GFT comhpháirtíochtaí le cuideachtaí domhanda éagsúla trínár ngníomhaireacht pleanála agus ceannaigh meáin, lena n-áirítear CNBC, Bloomberg, Nikkei agus Business Insider, agus thabhaíomar caiteachas bainteach de €5m

# **Ráiteas ar an Rialú Inmheánach** (ar lean)

faoin gconradh sínithe. Tabhaíodh €10.47m ar an iomlán – Nollaig 2020 (€8.47m) / Eanáir 2021 (€2m) – faoi chonradh nua ceithre bliana thuasluaite d'fhonn iarrachtaí a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh ar iarrachtaí chun feasacht ar agus rannpháirteachas i dtairiscint IDE na hÉireann a mhéadú, lena n-áirítear feachtas tiomnaithe margaíochta le haghaidh Lá Fhéile Pádraig 2021 agus feachtas digiteach a mhéadóidh agus a thacóidh le teachtaireacht GFT chuig infheisteoirí in Éirinn, agus an aidhm dheiridh aige sin leanúint ar aghaidh le sreabhadh na n-infheistíochtaí ardluacha isteach in Éirinn. Rinneadh comhpháirtíochtaí le Harvard Business Review, Financial Times, CNBC, Bloomberg, Wall Street Journal agus Economist freisin. Ar aon dul le cleachtas tionsclaíoch, rinneadh na comhpháirtíochtaí sin a shocrú trí idirbheartaíocht agus a fháil roimh ré chun go mbeadh am againn ábhair a chruthú agus an luach is fearr ar airgead do GFT Éireann. Áiríodh air na comhpháirtíochtaí cruthú ábhar, fógraí a chur ar an teilifís, i gcló agus ar na meáin shóisialta, urraíochtaí seimineár gréasáin, agus cur chun cinn eile ar na meáin shóisialta chun branda GFT Éireann a chur faoi bhráid na bhfeidhmeannach sinsearach corparáideach ar fud an domhain ar a bhfuilimid ag díriú. Tugtar cuntas don €8.47m mar réamhíocaíochtaí i Ráitis Airgeadais 2020, mar críochnófar na seirbhísí bainteacha margaíochta in 2021. Bhunaigh GFT nósanna imeachta monatóireachta chun úsáid éifeachtach chaiteachas margaíochta agus bolscaireachta GFT agus an luach d'Éirinn a áirithiú.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**
Tá modhanna foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialúcháin agus cuirtear in iúl faoi easnaimh rialúcháin dóibh siúd a bhfuil freagracht orthu le gníomhaíocht cheartaitheach a thógáil agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach thráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh príomhrioscaí agus rialúcháin a bhaineann leo a aithint agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialúchán agus aon easnamh a aithnítear a thuairisciú,
- rinneadh socruithe tuairiscithe a bhunú ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

**Soláthar**
Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an GFT chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte soláthar reatha agus gur chloí GFT leis na nósanna imeachta sin i rith 2020.

**Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**
Deimhním go bhfuil modhanna ag an GFT chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht mhodhanna bainistíocht riosca agus rialúcháin. Déanann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus sheachtracha, an Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den GFT a bhfuil freagracht orthu as an gcreat rialaithe inmheánaigh eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú an GFT ar éifeachtúlacht an chórais rialúcháin inmheánaigh.

Deimhním gur chuir an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialúcháin inmheánaigh do 2020 i gcrích.

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh**
Níor aithníodh aon laigeacht sa rialúchán inmheánach maidir le 2020 a bhfuil nochtadh riachtanach ina leith sna ráitis airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird

**Frank Ryan**
Cathaoirleach
17 Meitheamh 2021

# An Ráiteas Ioncaim, Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe



| | Nótaí | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 | **197,109** | 198,518 |
| An Ciste Oiliúna Náisiúnta | 3 | **3,000** | 3,000 |
| Aisíocaíochtaí Deontas | 4 | **917** | 1,682 |
| Ioncam Cíosa | | **3,545** | 2,565 |
| Ioncam Eile | 5 | **732** | 2,246 |
| Brabús / (Caillteanas) ar Dhiúscairt Sócmhainní | 6 | **5,767** | (56) |
| Maoiniú Iarchurtha Glan i gcomhair Pinsean | 19 (f) | **6,880** | 7,124 |
| | | **217,950** | 215,079 |
| **Caiteachas** | | | |
| Deontais Iníoctha | 7 | **106,446** | 100,648 |
| Costais Cur Chun Cinn, Riaracháin agus Ghinearálta | 8 | **53,480** | 56,961 |
| Muirir i leith Foirgnimh Thionsclaíocha | 9 | **8,288** | 10,902 |
| Muirir Dímheasa | 10 | **18,490** | 14,364 |
| Muirir / (Cealuithe) Bearnúcháin | 10 | **(865)** | 846 |
| Costais Phinsin | 19 (c) | **8,070** | 8,165 |
| | | **193,909** | 191,886 |
| **Barrachas don Bhliain roimh Leithreasuithe** | | **24,041** | 23,193 |
| Ranníocaíocht leis an Státchiste | 11 | **-** | - |
| Aistrigh (go) Caipitil | 12 | **(10,402)** | (23,768) |
| **Barrachas / (Easnamh) na bliana tar éis Leithreasaí** | | **13,639** | (575) |
| Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ar 1 Eanáir | | **19,993** | 20,568 |
| **Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh amhail ar an 31 Nollaig 2020** | | **33,632** | 19,993 |

Baineann na suimeanna a thaispeántar faoi Ioncam agus Caiteachas le gníomhaíochtaí leanúnacha. Cuimsíonn an Ráiteas Ioncaim, Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 25 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord GFT:

Dáta: 17 Meitheamh 2021

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
An Príomhfheidhmeannach

**Geraldine McGinty**
Cathaoirleach
An Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| Barrachas roimh Leithreasuithe | | **24,041** | 23,193 |
| (Caillteanas) / gnóthachan taithí ó oibleagáidí sochar scoir | 19 (d) | **(7,344)** | 344 |
| Athrú ar bhoinn tuisceana atá mar bhonn le luach reatha na n-oibleagáidí sochar scoir | 19 (d) | **(19,124)** | (16,060) |
| (caillteanas) iomlán achtúireach sa bhliain | | **(26,468)** | (15,716) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochair iarchurtha scoir | | **26,468** | 15,716 |
| Ioncam Cuimsitheach eile sa bhliain | | **24,041** | 23,193 |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 25 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord GFT:

Dáta: 17 Meitheamh 2021

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
An Príomhfheidhmeannach

**Geraldine McGinty**
Cathaoirleach
An Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

# Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Amhail ar an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta Inláimhsithe** | | | |
| Maoin Thionsclaíoch | 13 | **235,438** | 221,570 |
| Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **10,470** | 13,936 |
| | | **245,908** | 235,506 |
| **Sócmhainní Doláimhsithe** | | | |
| Sócmhainní Teileachumarsáide | 15 | **-** | - |
| **Iomlán na Sócmhainní Inláimhsithe agus Doláimhsithe** | | **245,908** | 235,506 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Suimeanna Infhaighte | 16 | **36,121** | 22,603 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | **4,486** | 5,281 |
| | | **40,607** | 27,884 |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 17 | **(6,913)** | (6,168) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **33,694** | 21,716 |
| **Infháltais Fhadtéarmacha** | | | |
| Suimeanna Infhaighte: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 16 | **288** | 603 |
| **Forálacha** | | | |
| Forálacha le haghaidh Dliteanas agus Muirear | 18 | **(350)** | (2,326) |
| **Pinsin** | | | |
| Sócmhainn Iarchurtha Mhaoinithe Pinsean | 19 (f) | **210,130** | 176,782 |
| Dliteanas Pinsin | 19 (e) | **(210,130)** | (176,782) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **279,540** | 255,499 |
| **In ionannas:** | | | |
| **An Cuntas Caipitil** | 12 | **245,908** | 235,506 |
| **Cúlchistí Ioncaim Coinnithe** | | **33,632** | 19,993 |
| | | **279,540** | 255,499 |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go dtí 25 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann Bhord GFT:

Dáta: 17 Meitheamh 2021

**Frank Ryan**
Cathaoirleach

**Martin Shanahan**
An Príomhfheidhmeannach

**Geraldine McGinty**
Cathaoirleach
An Coiste Iniúchta, Airgeadais & Riosca

# Ráiteas Faoi Shreabhadh Airgid



| | Nótaí | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Ioncam Breise thar Chaiteachas | | **24,041** | 23,193 |
| Laghdú ar Luach Sócmhainní Seasta | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 10 | **12,971** | 10,782 |
| - Sócmhainní Seasta Eile agus Sócmhainní Teileachumarsáide | 10 | **4,654** | 4,428 |
| Caiteachas Caipitlithe | 8 (a) | **(590)** | (772) |
| (Brabús) / Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní | 6 | **(5,767)** | 56 |
| Ús Bainc | 5 | **-** | (1) |
| Ranníocaíocht leis an Státchiste | 11 | **-** | - |
| (Méadú) / Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte dlite taobh istigh de bhliain amháin | 16 | **(13,518)** | 353 |
| Méadú / (Laghdú) ar Shuimeanna Infhaighte dlite taobh istigh de bhliain amháin | 17 | **745** | (26) |
| (Laghdú) ar Fhorálacha agus ar Mhuirir | 18 | **(1,976)** | (297) |
| Méadú / (Laghdú) ar Shuimeanna Infhaighte dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 16 | **315** | (603) |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **20,875** | 37,113 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Éadálacha | | **(37,213)** | (63,558) |
| Diúscairtí | | **15,543** | 25,296 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(21,670)** | (38,262) |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | | |
| Ús Bainc Faighte | | **-** | 1 |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | **-** | 1 |
| **(Laghdú) Glan ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | | **(795)** | (1,148) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar 1 Eanáir | | **5,281** | 6,429 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ar 31 Nollaig** | | **4,486** | 5,281 |

**1 Beartais Chuntasaíochta**
Tá bunús na cuntasaíochta agus beartais shuntasacha chuntasaíochta atá glactha ag an GFT leagtha amach thíos. Bhí siad go léir curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus sa bhliain roimhe:

**(a) Eolas Ginearálta**
Tá ceanncheathrú GFT Éireann lonnaithe ag Three Park Place, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 FX65. Is Aonán Leasa Poiblí (ALP) í GFT Éireann. Cuireann aonán leasa poiblí earraí nó seirbhísí ar fáil don phobal i gcoitinne, do phobal nó don leas sóisialta, agus i gcás go gcuirtear cothromas ar bith ar fáil, is ar mhaithe le tacú le príomhchuspóirí an aonáin é seachas le toradh airgeadais a chur ar fáil do sholáthraithe cothromais, scairshealbhóirí nó baill.

Is é príomhchuspóir GFT Éireann mar atá leagtha amach i gCuid II M8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (GFT Éireann) 1993 ná:
- bunú agus forbairt gnóthas tionsclaíoch ón iasacht a chur chun cinn sa Stát seo
- infheistíochtaí a dhéanamh i, agus tacaí a chur ar fáil do ghnóthais thionsclaíocha a chloíonn le riachtanais na n-achtachán atá i bhfeidhm i láthair na huaire.
- scéimeanna, deontais agus áiseanna airgeadais eile a riar, trína ndéantar Cistí an Aontais Eorpaigh agus cistí eile dá leithéid a dháileadh de réir mar a bhíonn údaraithe ó am go ham ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus feidhmeanna eile a chur i gcrích de réir mar a bhíonn sannta ag an Aire di ó am go ham.

**(b) Ráiteas Comhlíonta agus Bunús an Ullmhúcháin**
Táthar tar éis na Ráitis Airgeadais a ullmhú i gcomhréir leis an gcoinbhinsiún costais stairiúil, agus iad mionathraithe i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102), arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, san fhoirm atá faofa ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is é airgeadra léirithe Ráitis Airgeadais GFT Éireann ná an Euro. Meastar gurb é airgeadra feidhmiúil GFT Éireann ná an Euro ós rud gurb é an phríomhthimpeallacht eacnamaíoch ina bhfuil an Ghníomhaireacht ag oibriú.

**(c) Ioncam Reatha**
**Deontais Oireachtais**
Is gnách ioncam a aithint ar bhonn fabhruithe: is é an t-aon eisceacht ná Deontais Oireachtais, rudaí a aithnítear ar bhonn fáltais airgid.

**Aisíocaíochtaí Deontas a Íocadh**
Is gá deontais a íocadh a aisíoc i gcásanna áirithe, amhail leachtú/díscaoileadh na cuideachta a fuair iad, nó mura gcloítear le coinníollacha an deontais. Aithnítear aisíocaíochtaí deontais i gcásanna gur dócha go bhfaighidh an GFT ar ais iad agus gur féidir an méid a mheas go réasúnta iontaofa; déantar iad a chuntas mar sin ar bhonn fabhruithe.

**Ioncam Úis**
Aithnítear ioncam úis ar bhonn fabhruithe le modh an ráta úis éifeachtaigh.

**Ioncam Cíosa**
Cuimsíonn cíosanna méideanna dlite faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa, le haghaidh tréimhsí suas le 35 bliain, agus iad déanta idir an Ghníomhaireacht agus tionóntaí, muirir ar úsáid na dtailte neamhfhorbartha agus muirir chothabhála eastáit gearrtha ar thionóntaí agus bíonn cuntas déanta orthu ar bhonn fabhraithe.

**Ioncam Reatha Eile**
Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

**(d) Deontais Iníoctha**
Fabhraítear deontais sna Ráitis Airgeadais nuair a chloíonn an deonaí le coinníollacha ordaithe.

**(e) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**
Cuimsíonn Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:
(i) Talamh a choimeádtar chun críocha forbartha tionsclaíche.
(ii) Oibreacha forbartha láithreán.
(iii) Foirgnimh thionsclaíocha atá léasaithe le tionóntaí lena n-áirítear foirgnimh á ndíol sa chás nach raibh an teideal curtha ar aghaidh ag deireadh na bliana.
(iv) Maoin fholamh atá ar fáil do chur chun cinn tionsclaíoch nó á díol sa chás nach raibh an teideal curtha ar aghaidh ag deireadh na bliana.
(v) Sócmhainní Seasta eile amhail trealamh ríomhaireachta agus oifige, daingneáin agus feistí.

Luaitear Sócmhainní Inláimhsithe Seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha agus foráil do bhearnú. Déantar dímheas a sholáthar do gach sócmhainn inláimhsithe seachas talamh ar rátaí a ríomhtar chun an costas a dhíscríobh, lúide luach measta iarmharach gach sócmhainne de réir méid chothroim thar an tsaolré fhóinteach mheasta mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Foirgnimh | 3 % in aghaidh na bliana |
| (ii) | Forbairt Suímh | 10% in aghaidh na bliana |
| (iii) | Trealamh Oifige / Daingneáin & Feistis | 20 % in aghaidh na bliana |
| (iv) | Ríomhairí | 33 % in aghaidh na bliana |
| (v) | Talamh | 0 % in aghaidh na bliana |

Is ionann an luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí ó dhiúscairt sócmhainne i láthair na huaire tar éis do chostais mheasta na diúscartha a bheith bainte, má bhí an tsócmhainn ag aois nó i riocht cheana a bheifí ag súil leis ag deireadh a saoil úsáidigh.

**Bearnú Maoine, Gléasra agus Trealamh**
D'fhéadfaí forálacha le haghaidh bearnú a dhéanamh i ndiaidh athbhreithniú ar na sócmhainní seasta agus na sócmhainní teileachumarsáide arna gcur i gcrích ag oifigigh de chuid GFT Éireann nó ag luachálaithe neamhspleácha, de mar is cuí, má léiríonn teagmhais nó athruithe ar chúinsí nó ar dhálaí eacnamaíocha go mb'fhéidir nach mbeidh méid glanluacha na sócmhainní in-aisghabhála go hiomlán. Aithneofar a leithéid de chur ar fáil sa Ráiteas Ioncaim, Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain ina ndéantar iad. I gcás ina léiríonn athbhreithniú ina dhiaidh sin nach ann níos mó do na cúinsí as ar eascair foráil le haghaidh bearnú, nó go bhfuil athrú ábhartha tagtha orthu, déanfar an fhoráil charntha le haghaidh bearnú a laghdú dá réir.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim, Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

Coimeádtar cuntas ar chealuithe bearnúcháin ó na blianta roimhe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

**(f) Maoin Thionsclaíoch**

Maoin Tionsclaíochta atá san áireamh i sócmhainní seasta inláimhsithe, táthar tar éis í a fháil, a fhorbairt nó a thógáil chun na haidhme cuidiú le cur chun cinn agus forbairt tionscail agus ní mheastar gur maoin infheistíochta atá inti, ach gnáthshócmhainní seasta.

Áirítear sa chostas i ndáil le talamh, forbairt suímh agus maoin tionsclaíochta cionroinnt na gcostas riaracháin a ghabhann le gnóthú nó forbairt na sócmhainní.

Tá Ioncam agus Caiteachas maidir le hidirbhearta Maoine Tionsclaíochta leagtha amach i nóta 22 de na Ráitis Airgeadais trí mheán meamraim.

**(g) Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:**

Cuimsíonn Sócmhainní Seasta Doláimhsithe sócmhainní teileachumarsáide atá mar cheart úsáide dochealaithe sciar shainithe de líonra teileachumarsáide domhanda go ceann tréimhse 25 bliain ó 2000.

**(h) Suimeanna Infhaighte**

Aithnítear suimeanna infhaighte ar luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Foráil ar leith atá san fhoráil d'fhiacha amhrasacha, agus cuirtear ar bun í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh GFT ábalta na suimeanna uile atá ag dul dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim, Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe. Cuimsíonn suimeanna infhaighte:

(i) Maoine díolta ar bhonn iarchurtha. Gearrtar ús ar na suimeanna seo ag Rátaí Iasachtaí an Státchiste arna moladh ag an Roinn Airgeadais nó ag an Ráta Tagartha Lascaine AE de réir mar is infheidhme.
(ii) Cíosanna dlite faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa, le haghaidh tréimhsí suas le 35 bliain, agus iad déanta idir an Ghníomhaireacht agus tionóntaí, muirir ar úsáid na dtailte neamhfhorbartha agus muirir chothabhála eastáit gearrtha ar thionóntaí.
(iii) Táillí ó roghanna ceannaigh tugtha ar mhaoin an GFT, éarlaisí íoctha ag an GFT chun maoin a cheannach sa chás nach bhfuiltear tar éis an teideal a thabhairt don Ghníomhaireacht ar 31 Nollaig, agus soláthar seirbhísí eile.
(iv) Suimeanna dlite i ndáil le diúscairt nó léasú sócmhainní teileachumarsáide.
(v) Suimeanna dlite i ndáil le comhshocruithe.
(vi) Suimeanna dlite i ndáil le hiasachtaí tugtha agus ús ina leith.

**(i) Cuimsíonn Suimeanna Iníoctha méideanna iníoctha i ndáil le:**

(i) Creidiúnaithe agus Fabhruithe.
(ii) Tá deontais iníoctha de réir nóta (d)
(iii) Éarlaisí do dhíolacháin neamhchríochnaithe.

**(j) Cuimsíonn forálacha le haghaidh dliteanas agus muirir:**

(i) Méideanna soláthartha maidir le costais fhéideartha a bhaineann leis an bhforáil trochluithe de léasanna oibriúcháin.
(ii) Suimeanna soláthartha nuair a mheastar go sáróidh na costais amach anseo ag éirí as léasanna oibriúcháin na suimeanna in-aisghabhála ó fholéasaithe.

**(k) Airgeadraí Iasachta**

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais a ainmnítear in airgeadraí eachtracha ar na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an Ráitis faoin Staid Airgeadais. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbheart bunúsach.

Déileáiltear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus i gCúlchistí Ioncaim Choinnithe le brabúis agus caillteanais ag eascairt ó aistrithe airgeadraí eachtracha agus ar imréiteach na suimeanna infhála agus iníoctha in airgeadra eachtrach.

**(l) Léasanna**

Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais na cíosanna faoi léasanna oibriúcháin de réir mar a bhíonn siad dlite. I gcás maoine tionsclaíochta atá ar fáil lena cur chun cinn, déanann an Ghníomhaireacht foráil, nuair is infheidhme, le haghaidh íocaíochtaí cíosa amach anseo.

**(m) Sochair d'Fhostaithe**
**Sochair Ghearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus bíonn sochair a bhíonn fabhraithe ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

**Sochair Scoir**

Leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh), 2014 (Uimh. 13 de 2014), a achtaíodh an 16 Iúil 2014 rinneadh foráil d'Fhorfás a dhíscaoileadh agus don mhéid seo a leanas: GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann a bhunú mar fhostóirí dlíthiúla ar leith; forbraíonn gach gníomhaireacht a scéim pinsin féin agus tugann siad le fios go mbeidh an lucht oibre a bhí ina mbaill de Scéim Pinsin Forfás ag dul isteach i Scéim nua na Gníomhaireachta ar théarmaí aoisliúntais atá chomh fabhrach leis na téarmaí a bronnadh orthu faoi Scéim Forfás díreach roimh an dáta aistrithe, agus beidh foireann na ngníomhaireachtaí ina mbaill de na scéimeanna seo; na heagraíochtaí seo ag déanamh cuntasaíochta do Dhliteanais ghaolmhara Pinsin faoi CTA102. Beidh freagracht dhlíthiúil ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i leith na Scéimeanna Pinsin, pinsinéirí agus iarbhaill foirne le sochair choinnithe ó Fhorfás atá ann faoi láthair.

Faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012, beidh daoine a théann isteach sa tseirbhís phoiblí ina n-iontrálaithe den chéad uair ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill den Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí.

Tá freagracht dhlíthiúil iomlán ar an GFT as a bhfostaithe mar fhostóir dhlíthiúil orthu. Áirítear anseo freagracht i leith phinsean na bhfostaithe reatha a d'éirigh as tar éis 16 Iúil 2014. Léiríonn na Ráitis Airgeadais na costais phinsin i leith bhaill foirne an GFT atá á n-íoc ag an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Léiríonn costais phinsin an GFT scéimeanna neamhchistithe pinsin le sochar sainithe, a mhaoinítear in aghaidh na bliana ar bhonn íoc mar a úsáidtear ón airgead atá ar fáil chuige, lena n-áirítear airgead a chuirtear ar fáil tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí áirithe a bhaintear de thuarastail foirne.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a ghnóthaigh fostaithe i rith an tréimhse agus léirítear na costais mar ghlaniomlán ranníocaíochtaí coinnithe pinsin foirne. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an ranníocaíocht phinsin mar ioncam sa mhéid is a bhfuil sé in-aisghabhála, agus cuidíonn deontais, a fhaightear i rith na bliana le híocaíochtaí pinsin a chomhlíonadh, leis an mbrú a sheachaint.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann chun cinn i ndliteanais scéime sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn dliteanais phinsin luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Déantar dliteanais scéim pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach trí mhodh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

**(n) Breithiúnais, Meastacháin agus Boinn Tuisceana Ríthábhachtacha**

Agus beartais chuntasaíochta GFT Éireann á gcur i bhfeidhm, is gá do lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a thabhairt/a dhéanamh faoi mhéideanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas nach bhfuil follasach ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana ghaolmhara bunaithe ar thaithí stairiúil agus tosca eile a mheastar a bheith bainteach. D'fhéadfadh fíorthorthaí a bheith difriúil leis na meastacháin seo.

Déantar athbhreithniú leanúnach ar na meastacháin agus na boinn tuisceana bhunúsacha. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar athmheas ar an meastachán má théann an leasú i bhfeidhm ar an tréimhse sin amháin, nó sa tréimhse sin agus i dtréimhsí ina dhiaidh sin má théann an leasú i bhfeidhm ar thréimhsí i láthair na huaire agus amach anseo.

Bhí an tionchar is mó ag na breithiúnais agus meastacháin seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

**Luachanna iarmharacha agus dímheas sócmhainní**

Tá lucht bainistíochta tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shaol agus luachanna gaolmhara iarmharacha shócmhainní na n-aicmí sócmhainní seasta go léir agus tá sé mar chonclúid acu go bhfuil saol agus luachanna iarmharacha na sócmhainní cuí.

**Athbhreithnithe bearnúcháin ar shócmhainní**

Déantar athbhreithniú bearnúcháin ar shócmhainní a ndéantar amúchadh orthu cibé uair a thugann teagmhais nó athruithe ar dhálaí le fios go bhfuil an seans ann nach féidir an méid glanluacha a fháil ar ais. Aithnítear caillteanas bearnúcháin i leith an mhéid lena sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a mhéid in-aisghabhála.

Is ionann an méid in-aisghabhála agus an ceann is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas díola agus luach úsáide.

**Oibleagáid na sochar scoir**

Bíonn na boinn tuisceana atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha a gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais dóibh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil cúitimh agus rátaí básmhaireachta amach anseo), bíonn siad nuashonraithe go bliantúil i bhfianaise dálaí reatha eacnamaíocha agus maidir le hathruithe bainteacha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsean agus iar-scoir.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí margaidh saothair amach anseo
(iii) athruithe ar dhéimeagrafaic

**Forálacha**

Déanann an Ghníomhaireacht foráil d'oibleagáidí dlí agus cuiditheacha, agus tá a fhios aici go bhfuil siad seo gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Is gnách na forálacha seo a dhéanamh i bhfianaise eolais stairiúil nó ábhartha eile, agus iad athraithe do threochtaí le déanaí nuair is iomchuí sin. Ach, é sin ráite, is meastacháin iad de na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais a bhfuil an seans ann nach dtarlóidh siad go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difear mór a bheith idir an fíorthoradh agus an toradh measta.

## 2 Deontais Oireachtais

Soláthraítear na Deontais Oireachtais faoi alt 35 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003.

Cuimsíonn na Deontais Oireachtais mar atá sonraithe sna Ráitis Airgeadais na suimeanna airgid seo a íocadh ó Vóta 32 - Fiontar, Trádála agus Fostaíochta:

| | | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| Deontais um Chaiteachas ar Chur Chun Cinn agus ar Riarachán | Vóta 32 - Mírcheann A5 (i) | **62,109** | 52,718 |
| Deontas do Thionsclaíocht | Vóta 32 - Fo-mhírcheann A5 (ii) | **96,000** | 96,745 |
| Deontas um Réadmhaoin Thionsclaíoch | Vóta 32 - Fo-mhírcheann A5 (iii) | **39,000** | 49,055 |
| | | **197,109** | 198,518 |

An Deontas le haghaidh Caiteachas ar Chur Chun Cinn agus ar Riarachán de €62.109m:
- áirítear leis leithdháileadh breise ar fiú €10m é chun tacú le tionscnaimh bholscaireachta agus margaíochta GFT a fógraíodh mar chuid den phacáiste spreagtha i mí Iúil
- luaitear é glan ó rannaíocaíochtaí pinsin fostaithe ar fiú €1,068,494 (€951,808 - 2019) iad a íocadh leis an Státchiste.

## 3 An Ciste Oiliúna Náisiúnta

Áirítear leis na híocaíochtaí deontais oiliúna €12.736m (féach nóta 7) íocaíochtaí deontais oiliúna dar luach €3m (€3m in 2019) a íocadh in éineacht le cistí a fuarthas tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ón gCiste Náisiúnta Oiliúna, a riartar trí Mhírcheann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Cloíonn na híocaíochtaí a rinneadh le riachtanais reachtúla an Chiste mar a cuireadh ar fáil in alt 7 den Acht um Chiste Náisiúnta Oiliúna, 2000.

## 4 Aisíocaíochtaí Deontas

Nuair a sháraíonn cliantchuideachta na coinníollacha i gcomhaontú deontais, is féidir an deontas a in-aisghabháil. I gcaitheamh na bliana, fuair an Ghníomhaireacht €0.917 milliún (€1.682m in 2019) ar ais de bharr aisíocaíochtaí deontais.

## 5 Ioncam Eile

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Cóiríocht Oifige ar Léas a fholigean leis an earnáil phríobháideach | **(9)** | 1,469 |
| Ús Bainc | **-** | 1 |
| Ioncam Táille i ndáil le Tailte Neamhfhorbartha | **440** | 698 |
| Ús ar Idirbhearta Maoine Tionsclaíche | **231** | 3 |
| Ioncam Ilghnéitheach | **70** | 75 |
| | **732** | 2,246 |

## 6 Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Comaoin (táillí agus costais dhíreacha ghlana) | **15,543** | 25,296 |
| Costais Stairiúla | **(17,640)** | (63,517) |
| Cuntas forálacha bearnúcháin | **21** | 10,626 |
| Cuntas forálacha dímheasa | **7,843** | 27,539 |
| | **5,767** | (56) |

Tá an brabús ar dhiúscairt sócmhainní cuimsithe as brabúis de €6.372m, caillteanais de €0.605m agus mar sin is ionann glanbhrabús ar dhiúscairtí de €5.767m.

## 7 Deontais Iníoctha

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Caipiteal | **18,680** | 23,030 |
| Fostaíocht | **6,359** | 6,887 |
| T&F | **68,309** | 59,583 |
| Oiliúint | **12,736** | 10,848 |
| Deontais Eile | **362** | 300 |
| | **106,446** | 100,648 |

In 2020 íocadh €1.34m faoi scéim Covid-19 um Tháirgí Leighis agus íocadh €76k faoi Scéim Covid-19 um Leanúnachas Gnó.

## 8 Costais Cur chun Cinn, Riarachán agus Nithe Ginearálta

| (a) | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí, costais na gComhaltaí Boird agus luach saothair an POF | **287** | 322 |
| Costais luach saothair eile – féach 8 (b) | **29,843** | 28,389 |
| Margaíocht, comhairliúchán, poiblíocht agus fógraíocht | **10,446** | 12,520 |
| Riarachán ginearálta | **13,461** | 16,462 |
| Táille Iniúchóireachta | **62** | 58 |
| Soláthar in aghaidh fiacha amhrasacha | **(29)** | (18) |
| Lúide: Caipitliú caiteachais a bhaineann le maoin thionsclaíochta a fhorbairt | **(590)** | (772) |
| | **53,480** | 56,961 |

8 **(b)**

| **Is iad na costais eile luach saothair atá i gceist:** | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha fhoirne | **27,935** | 26,615 |
| Ranníocaíocht fhostóirí do leas sóisialta | **1,904** | 1,771 |
| Sochair Foirceanta | **-** | - |
| Costais sochair scoir | **4** | 3 |
| | **29,843** | 28,389 |

Sheas an líon iomlán foirne a bhí fostaithe (CL) ag deireadh na bliana ag 324 (2019: 322)

8 **(c)**

| **Sochair Ghearrthéarmacha Fhoirne** | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Bunphá | **27,933** | 26,583 |
| Ragobair | **2** | 32 |
| Liúntais | **-** | - |
| | **27,935** | 26,615 |

In 2020, baineadh Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais €767k agus íocadh leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta í.

8 **(d)**

**Miondealú Tuarastal Buan**

| **Sochair d'Fhostaithe** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| €60,000 go €70,000 | 34 | 43 |
| €70,001 go €80,000 | 35 | 32 |
| €80,001 go €90,000 | 28 | 31 |
| €90,001 go €100,000 | 33 | 20 |
| €100,001 go €110,000 | 11 | 9 |
| €110,001 go €120,000 | 5 | 1 |
| €120,001 go €130,000 | 1 | 2 |
| €130,001 go €140,000 | - | 1 |
| €140,001 go €150,000 | 2 | 5 |
| €150,001 go €160,000 | 9 | 10 |
| €160,001 go €170,000 | 3 | 1 |
| €170,001 go €180,000 | 1 | - |
| €180,001 go €190,000 | 1 | 1 |

8 **(e)**

**Príomhphearsanra Bainistíochta**

Is iad comhaltaí an Bhoird, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus Bainisteoirí na Rannóga a dhéanann suas príomhphearsanra bainistíochta GFT. Tá luach iomlán shochair fhostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Bunphá | **1,368** | 1,371 |
| Liúntais | **-** | - |
| Sochair Foirceanta | **-** | - |
| Árachas Sláinte | **-** | - |
| | **1,368** | 1,371 |

8 **(f)**

| **Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh** | **2020 €** | 2019 € |
|---|---|---|
| An tUas. Martin Shanahan | **188,808** | 184,536 |
| **Iomlán** | **188,808** | 184,536 |

Faigheann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) tuarastal bliantúil de €191,626 le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020. Ní théann teidlíocht pinsin an POF thar ghnáthshocrúcháin chaighdeánacha pinsin don earnáil phoiblí.

8 **(g)**

**Cíos Bliantúil Iníoctha i ndáil le Cóiríocht Oifige Léasaithe**

| | **Líon na nOifigí** | **Dáta Éaga Léasa** | **Ollchíos Iníoctha €'000** | **Glanchíos Iníoctha €'000** |
|---|---|---|---|---|
| Ceannoifig | 1 | 2043 | **7,769** | **3,924** |
| Oifigí Réigiúnacha | 4 | 2021-2028 | **330** | **330** |
| Oifigí Thar Lear | 19 | 2021-2029 | **2,347** | **2,347** |
| | | | **10,446** | **6,601** |

(i) I gcás na Ceannoifige agus deich n-oifig thar lear, is amhlaidh go bhfuil an chóiríocht comhlonnaithe le Gníomhaireachtaí Stáit eile agus / nó le Misin de chuid Rialtas na hÉireann. Áirítear leis an nGlanchíos Iníoctha suimeanna a fuarthas ó chomhlachtaí Stáit eile agus ó thionóntaí príobháideacha atá i gcuid de na foirgnimh oifige atá i gceist.
(ii) Rinne an GFT 4 léas a athnuachan in 2020.
(iii) Tá clásal briste in 2024 ag dhá léas oifige thar lear.
(iv) Níl aon mhaoin a úsáidtear nó atá ar fáil do chóiríocht a cuid foirne faoi úinéireacht na Gníomhaireachta.

8 (h)

**Tiomantais faoi Léasanna Oibriúcháin**

An 31 Nollaig, b'ionann an gealltanas faoi léasanna oibriúcháin agus €184.361m.
Beidh deireadh leis na léasanna seo mar seo a leanas:

| | **2020 €'000 Maoin neamh-thionsclaíoch** | **Maoin thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna** | **Maoin thionsclaíoch ar fáil i gcomhair cur chun cinn** | 2019 €'000 Maoin neamh-thionsclaíoch | Maoin thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna | Maoin thionsclaíoch ar fáil i gcomhair cur chun cinn |
|---|---|---|---|---|---|---|
| laistigh de bhliain amháin | **10,446** | - | - | 10,431 | 6 | - |
| sa dara go dtí an cúigiú bliain agus na blianta | **37,420** | - | - | 38,116 | - | - |
| sin san áireamh breis is cúig bliana | **136,495** | - | - | 147,153 | - | - |
| | **184,361** | - | - | 195,700 | 6 | - |

## 9 Muirir i leith Foirgnimh Thionsclaíocha

Cuimsíonn na costais seo na glanchostais a bhaineann le foirgnimh tionsclaíochta atá curtha ar fáil ag an earnáil phríobháideach agus costais chothabhála maidir le gach foirgneamh tionsclaíochta atá ag an GFT ar féidir é a chur chun cinn. Cuimsíonn na costais: costais ghairmiúla, dlí agus chomhairleachta €2.445m [2019 €2.607m], glanchostais oibriúcháin léasa €0.004m [€2019 €0.223m] agus costais chothabhála ionad gnó ar €7.815m [2019 €8.369m], agus iad laghdaithe ag an nglanghluaiseacht forálacha maidir le léasanna oibriúcháin (mar atá leagtha síos i nóta 18) ar luach €1.976m [2019 €0.297m].

## 10 Laghdú ar Luach Sócmhainní Seasta

| | Nótaí | **2020 €'000** | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Muirir Dímheasa** | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 13 | **13,836** | 9,936 |
| - Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **4,654** | 4,428 |
| **Muirir Bearnúcháin / (Cealuithe)** | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 13 | **(865)** | 846 |
| | | **17,625** | 15,210 |

Ríomhtar dímheas d'fhonn costas sócmhainní a dhíscríobh lúide, nuair is infheidhme, aon fhoráil bhearnúcháin le linn na coda eile dá saolré measta úsáideach. Ní dhéantar aon fhoráil do dhímheas maidir le talamh ná infheistíochtaí.

Tagann muirir bearnúcháin aníos nuair is mó an luach de réir na leabhar ar Mhaoin Thionsclaíoch agus Sócmhainní Teileachumarsáide ná a luach measta in-aisghabhála. Tagann cealuithe laigí aníos nuair is soiléir go bhfuil luach in-aisghabhála na Maoine Tionsclaíche nó na Sócmhainní Teileachumarsáide níos mó ná an luach de réir na leabhar, suas go dtí luach na laige bunaidh.

## 11 Ranníocaíocht leis an Státchiste

Le linn 2020 agus 2019 fuair GFT Éireann cead ón RFTF chun an t-ioncam a ghintear óna acmhainní féin a choinneáil. Bhí farasbarr ioncaim os cionn an leibhéil sin agus aon Ioncam Acmhainne Féin nár úsáideach inaisíoctha le RFTF, mar ranníocaíocht leis an Státchiste. In 2020, fuair GFT Éireann cead ón RFTF chun an tIoncam Acmhainne Féin €0.725m nár úsáideadh in 2019 a choinneáil. In 2021, fuair GFT Éireann cead ón RFTF chun an tIoncam Acmhainne Féin €0.659m nár úsáideadh in 2020 a choinneáil, agus dá bharr sin íocadh ranníocaíocht nialasach leis an Státchiste in 2020 agus 2019.

## 12 Caipiteal

| | Nótaí | **€'000** | **2020 €'000** | €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar 1 Eanáir | | | **235,506** | | 211,738 |
| **Glanghluaiseachtaí ar:** | | | | | |
| - Maoin Thionsclaíoch | 13 | **13,868** | | 13,004 | |
| - Sócmhainní Seasta Eile | 14 | **(3,466)** | | 10,764 | |
| **Aistriú ón Ráiteas** | | | | | |
| **Ioncaim agus Caiteachais** | | | **10,402** | | 23,768 |
| Ar 31 Nollaig | | | **245,908** | | 235,506 |

## 13 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Maoin Thionsclaíoch

| | 2020 | | | | | 2019 | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Talamh** | **Forbairt Suímh** | **Maoin Thionsclaíoch Áitithe faoi Léasanna** | **Maoin thionsclaíoch ar fáil i gcomhair cur chun cinn** | **Iomlán** | **Talamh** | **Forbairt Suímh** | **Maoin thionsclaíoch Áitithe faoi léasanna** | **Maoin Thionsclaíoch ar fáil i gcomhair Cur chun Cinn** | **Iomlán** |
| **Costas** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Ar 1 Eanáir | **257,784** | **149,872** | **34,043** | **40,248** | **481,947** | 272,060 | 159,003 | 23,204 | 35,188 | **489,455** |
| Méid breise | **8,759** | **12,230** | **-** | **15,626** | **36,615** | 12,874 | 10,776 | - | 25,348 | **48,998** |
| Aistrithe | **-** | **-** | **8,197** | **(8,197)** | **-** | - | - | 10,839 | (10,839) | **-** |
| Diúscairtí | **(7,072)** | **(9,790)** | **-** | **(778)** | **(17,640)** | (27,150) | (19,907) | - | (9,449) | **(56,506)** |
| Ar 31 Nollaig | **259,471** | **152,312** | **42,240** | **46,899** | **500,922** | 257,784 | 149,872 | 34,043 | 40,248 | **481,947** |
| **Foráil do Bhearnúchán** | | | | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir | **105,803** | **195** | **977** | **2,289** | **109,264** | 113,824 | 198 | 977 | 4,045 | **119,044** |
| Muirear / (Cealú) don Bhliain | **(865)** | **-** | **-** | **-** | **(865)** | 846 | - | - | - | **846** |
| Aistrithe | **-** | **-** | **-** | **-** | **-** | | - | - | - | **-** |
| Diúscairtí | **-** | **(21)** | **-** | **-** | **(21)** | (8,867) | (3) | - | (1,756) | **(10,626)** |
| Ar 31 Nollaig | **104,938** | **174** | **977** | **2,289** | **108,378** | 105,803 | 195 | 977 | 2,289 | **109,264** |
| **Foráil do Dhímheas** | | | | | | | | | | |
| Ar 1 Eanáir | **-** | **137,434** | **10,575** | **3,104** | **151,113** | - | 147,270 | 9,431 | 5,144 | **161,845** |
| Muirear don Bhliain | **-** | **11,347** | **852** | **1,637** | **13,836** | - | 7,818 | 606 | 1,512 | **9,936** |
| Aistrithe | **-** | **-** | **745** | **(745)** | **-** | - | - | 538 | (538) | **-** |
| Cuntas dímheasa diúscairtí | **-** | **(7,796)** | **-** | **(47)** | **(7,843)** | - | (17,654) | - | (3,014) | **(20,668)** |
| Ar 31 Nollaig | **-** | **140,985** | **12,172** | **3,949** | **157,106** | - | 137,434 | 10,575 | 3,104 | **151,113** |
| **Glanmhéid na Leabhar** | | | | | | | | | | |
| Ar 31 Nollaig | **154,533** | **11,153** | **29,091** | **40,661** | **235,438** | 151,981 | 12,243 | 22,491 | 34,855 | **221,570** |
| Ar 1 Eanáir | **151,981** | **12,243** | **22,491** | **34,855** | **221,570** | 158,236 | 11,535 | 12,796 | 25,999 | **208,566** |
| **Glanghluaiseacht don Bhliain** | | | | | **13,868** | | | | | **13,004** |

(a) Áirítear sa tábla thuas suim a bhaineann le comhaontú a rinne an Ghníomhaireacht in 2004 le Comhairle Contae Fhine Gall le tailte a fhorbairt i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath ar leis an gComhairle iad, chun iad a dhíol ina dhiaidh sin le fiontair thionsclaíocha. Faoi théarmaí an tsocraithe, tá an GFT freagrach as feabhsúcháin bonneagair a dhéanamh ar na tailte. Íocann an Ghníomhaireacht as costais iomlána na hoibre seo agus tá sí i dteideal leath de na fáltais ó dhíolacháin ar bith a fháil. €Nialas an ghlansuim leabhair a chuimsítear thuas maidir leis an socrú seo

| 14 Sócmhainní Seasta Eile | **2020** Trealamh Oifige agus Ríomhaireachta, Daingneáin agus Feistis | **Iomlán** | 2019 Trealamh Oifige agus Ríomhaireachta, Daingneáin agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€'000** | **€'000** | €'000 | €'000 |
| Ar 1 Eanáir | **22,165** | **22,165** | 13,844 | 13,844 |
| Méid breise | **1,188** | **1,188** | 15,332 | 15,332 |
| Diúscairtí | **-** | **-** | (7,011) | (7,011) |
| Ar 31 Nollaig | **23,353** | **23,353** | 22,165 | 22,165 |
| **Foráil do Dhímheas** | | | | |
| Ar 1 Eanáir | **8,229** | **8,229** | 10,672 | 10,672 |
| Muirear don Bhliain | **4,654** | **4,654** | 4,428 | 4,428 |
| Diúscairtí | **-** | **-** | (6,871) | (6,871) |
| Ar 31 Nollaig | **12,883** | **12,883** | 8,229 | 8,229 |
| **Glanmhéid na Leabhar** | | | | |
| Ar 31 Nollaig | **10,470** | **10,470** | 13,936 | 13,936 |
| Ar 1 Eanáir | **13,936** | **13,936** | 3,172 | 3,172 |
| **Glanghluaiseacht don Bhliain** | **(3,466)** | **(3,466)** | 10,764 | 10,764 |

## 15 Sócmhainní Teileachumarsáide

Agus é ag gníomhú de bhun cinneadh Rialtais, chuaigh GFT Éireann, i gcomhar leis an Roinn Fiontar Poiblí (arb í an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha anois í), i mbun conarthaí i 1999 do cheannach sócmhainní teileachumarsáide i bhfoirm ceart dochloíte chun leas a bhaint as cion ainmnithe de líonra teileachumarsáide domhanda ar feadh tréimhse 25 bliain ón mbliain 2000 ar aghaidh. Díoladh cuid den toilleadh a cheannaigh GFT Éireann le roinnt soláthróirí seirbhíse. Tá costas stairiúil €38.85 milliún ar na sócmhainní fágtha, méid a díscríobhadh trí mhuirear bearnúcháin €21 milliún in 2002 agus dímheas comhchruinnithe €17.85m thar 8 mbliana ó 2000, rud a raibh glanluach leabhar €nialais i gceist leis.

## 16 Suimeanna Infhaighte

| | 2020 | 2020 | 2019 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| **Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:** | **€'000** | **€'000** | €'000 | €'000 |
| Cuntais Infhála agus Réamhíocaíochtaí | **36,792** | | 23,422 | |
| Soláthar in aghaidh Fiacha Amhrasacha | **(671)** | | (819) | |
| | | **36,121** | | 22,603 |
| | | **36,121** | | 22,603 |
| **Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:** | | | | |
| Méid atá dlite ón bhfo-léasaí i dtaca le costais feistithe | **288** | | 603 | |
| | | **288** | | 603 |
| | | **36,409** | | 23,206 |

(i) Ar shuimeanna eile a chuimsítear i suimeanna infhaighte agus réamhíocaíochtaí, tá méideanna €24.568m d'éarlaisí ar idirbhearta maoine, a léiríonn íocaíochtaí, den chuid is mó, isteach i gcuntais eascró dhlíodóirí ar cheannacháin maoine. Táthar ag súil leis go mbeidh trí idirbheart críochnaithe roimh R2 2021 agus táthar ag súil leis go mbeidh idirbhirt eile críochnaithe roimh R4 2021. (ii) Is éard is an Féichiúnaí fadtéarmach ar fiú €288,000 é airgead atá dlite ón SEAI maidir le costais feistithe sa Cheanncheathrú Dhomhanda ina bhfuil GFT agus gníomhaireachtaí eile. In 2019 chomhaontaigh na páirtithe sceideal aisíocaíochta 3 bliana.

## 17 Suimeanna Iníoctha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:** | **€'000** | €'000 |
| Cuntais Iníoctha agus Fabhruithe | **5,989** | 5,451 |
| Suim atá dlite ar Dhíolacháin Neamhchríochnaithe | **924** | 717 |
| | **6,913** | 6,168 |

## 18 Foráil do Dhliteanais agus Muirir

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| **Foráil le haghaidh Léasanna Oibriúcháin** | **€'000** | €'000 |
| Ar 1 Eanáir | **2,326** | 2,623 |
| Glan(laghdú) don bhliain | **(1,976)** | (297) |
| **Iomlán ar 31 Nollaig** | **350** | 2,326 |

Cuimsíonn an Soláthar do Léasanna Oibriúcháin:
- Costais fhéideartha ar athchóiriú foirgnimh a bhaineann le hoibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin.
- Costais todhchaí ag éirí as léasanna oibriúcháin a mheastar a sháróidh na suimeanna is in-aisghabhála ó fholéasaithe (2019). Ní thabhófar aon chostas i ndiaidh 2020 mar beidh na léasanna ar fad in éag.

## 19 Pinsin

**(a)**

Tá freagracht ar an GFT i leith costais phinsin do bhaill foirne a théann ar scor tar éis 16 Iúil 2014, faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Acht um Fhorfás a Dhíscaoileadh 2014). Beidh na baill foirne a bhí ina mbaill de Scéim Pinsin Forfás ag dul isteach i Scéim nua an GFT ar théarmaí aoisliúntais atá chomh fabhrach leis na téarmaí a bronnadh orthu faoi Scéim Forfás díreach roimh an dáta aistrithe ó Fhorfás go dtí an GFT. Tá na scéimeann seo a leanas á n-oibriú ag GFT:

**Baill Foirne Chumhdaithe**

(a) Baill foirne a earcaíodh suas go dtí 5 Aibreán 1995 agus a bhí inphinsin tar éis an dáta sin.
(b) Baill foirne a earcaíodh tar éis 5 Aibreán 1995 agus roimh 1 Eanáir 2013.
(c) Baill foirne a earcaíodh ó 1 Eanáir 2013 ar baill iad den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.
(d) Baill foirne a earcaíodh ón 1 Eanáir 2013, a chuaigh leis an Scéim Pinsin Forfás (an Scéim GFT anois) mar ba bhaill iad de scéim seirbhíse poiblí cheana féin (agus gan briseadh seirbhíse nach mó ná sé mhí acu i ndiaidh 1 Eanáir 2013).

Áirítear scéimeanna do Chéilí agus do Pháistí i ngach ceann de na Scéimeanna.

Tháinig Scéim Aonair nua na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") in éifeacht an 1 Eanáir 2013. Beidh daoine a théann isteach sa tseirbhís phoiblí ina n-iontrálaithe den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill den Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí, i gcoitinne. Leagtar amach rialacha na Scéime Aonair san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. Ní áirítear dliteanais phinsin i leith na ndaoine atá fostaithe faoi Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí ar feadh tréimhse níos lú ná dhá bhliain i ríomh na bpinsean, mar nach ngnóthóidh siad cearta pinsin go dtí go mbeidh dhá bhliain curtha isteach acu.

Déanann GFT na glanchostais a bhaineann le gnáthscor a shásamh. Íoctar na costais seo as ioncam reatha. Úsáidtear ranníocaíochtaí a fhaigheann an GFT ó bhaill foirne sna scéimeanna ranníocaíochta neamhchistithe mar atá leagtha amach thuas chun cuid de na dliteanais reatha phinsin a mhaoiniú.

Faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, aistríodh na sócmhainní a bhain leis an Iar-Údarás Forbartha Tionscail go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ar an 31 Nollaig 2009. Tá na scéimeanna pinsin atá bainteach leis an dá chiste seo bailí go fóill do bhaill atá ann cheana féin gan cur isteach ar shochair ná ar fhorálacha ábhartha do bhaill. Cuireann GFT Éireann ranníocaíochtaí fostaithe ar ais chuig an Státchiste. Chuir GFT €1.069k de ranníocaíochtaí fostaithe ó na scéimeanna seo ar ais chuig an Státchiste in 2020 agus íoctar costais phinsin de réir Deontas Oireachtais Vóta 32 Mhírcheann A5 (i).

**(b) Nochtadh Pinsin faoi FRS102**

Éilíonn an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS102) go léireoidh na ráitis airgeadais luach cothrom na sócmhainní agus na ndliteanas ó oibleagáidí aoisliúntais fostóra agus aon mhaoiniú ábhartha, agus go mbeidh na costais a bhaineann le sochair aoisliúntais a chur ar fáil aitheanta sna tréimhsí cuntasaíochta ina ngnóthaíonn fostaithe iad.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **(c)** | **Anailís ar Mhuirear Iomlán Pinsin** | **€'000** | €'000 |
| | Costais Seirbhíse | **7,031** | 6,207 |
| | Ús ar Dhliteanais Scéim Pinsin | **2,108** | 2,910 |
| | Ranníocaíochtaí Fostaithe a úsáidtear in íocaíocht Phinsean | **(1,069)** | (952) |
| | | **8,070** | 8,165 |

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **(d)** | **Anailís ar mhéid a aithníodh sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach** | **€'000** | €'000 |
| | (Caillteanais) / Gnóthachain Taithí | **(7,344)** | 344 |
| | Athruithe sna Boinn Tuisceana (Caillteanais) | **(19,124)** | (16,060) |
| | **Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach** | **(26,468)** | (15,716) |

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **(e)** | **Dliteanas Pinsin** | | |
| | **Athrú ar Dhliteanais Scéimeanna Pinsin** | **€'000** | €'000 |
| | Iarmhéid Tosaigh | **176,782** | 153,942 |
| | Costas Seirbhíse Reatha | **7,031** | 6,207 |
| | Costais Úis | **2,108** | 2,910 |
| | Íocaíochtaí do Phinsinéirí | **(2,259)** | (1,993) |
| | Caillteanas Achtúireach | **26,468** | 15,716 |
| | **Luach Reatha Oibleagáidí na Scéime ar 31 Nollaig** | **210,130** | 176,782 |

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| **(f)** | **Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin i mbliana** | **€'000** | €'000 |
| | Maoiniú in-aisghabhála i leith Chostais Phinsin na Bliana Láithrí | **9,139** | 9,117 |
| | Maoiniú i gcomhair Pinsin a íoc | **(2,259)** | (1,993) |
| | | **6,880** | 7,124 |

Aithníonn an GFT mar shócmhainn méid atá comhfhreagrach leis an dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh pinsean de réir na mbonn tuisceana a leagtar amach thíos agus de réir roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na gcásanna seo áirítear an bonn reachtúil le haghaidh bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá ann i leith maoiniú i gcomhair pinsin seirbhíse poiblí lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios don GFT nach mbeidh an beartas maoinithe seo in ann suimeanna dá leithéid a sheasamh i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Luach €210.130m san iomlán a bhí ar an tsócmhainn iarchurtha mhaoinithe i gcomhair pinsean ar 31 Nollaig 2020 (2019 - €176.782m). Bunaítear cainníochtú an dliteanais ar bhoinn tuisceana airgeadais a leagtar amach i nóta 19 (g). Déantar na boinn tuisceana atá in úsáid, agus atá bunaithe ar chomhairle achtúireacha, a mholadh don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

**(g) Luacháil**

Bunaíodh an luacháil atá in úsáid le haghaidh nochtadh FRS102 ar luacháil iomlán achtúireach ar 31 Nollaig 2020. Ba iad seo a leanas na boinn tuisceana airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le dliteanais scéime faoi CTA102 a ríomh amhail an 31 Nollaig;

| **Modh Luachála Aonad Réamh-mheasta** | **2020** | **2019** | **2018** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 0.8% p.a. | 1.20% p.a. | 1.90% p.a. | 1.95% p.a. | 1.90% p.a. |
| Méaduithe ar thuarastail todhchaí | 3.00% p.a. | 3.00% p.a. | 3.30% p.a. | 3.40% p.a. | 3.35% p.a. |
| Méaduithe ar phinsin stáit todhchaí | 3.00% p.a. | 3.00% p.a. | 3.30% p.a. | 3.40% p.a. | 3.35% p.a. |
| Méaduithe ar phinsin todhchaí | 2.50% p.a. | 2.50% p.a. | 2.80% p.a. | 2.90% p.a. | 2.85% p.a. |
| Boilsciú Amach Anseo | 1.50% p.a. | 1.50% p.a. | 1.80% p.a. | 1.90% p.a. | 1.85% p.a. |

| **Bliain ina mbaintear amach aois 65** | **2020** | **2040** |
|---|---|---|
| Ionchas Saoil - Fir | 21.5 | 23.9 |
| Ionchas Saoil - Mná | 24.0 | 26.0 |

**(h) Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe - Tosaithe in 2014**

| **Ag deireadh na bliana 31 Nollaig** | **2020 €'000** | **2019 €'000** | **2018 €'000** | **2017 €'000** | **2016 €'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáid Sochair Sainithe | 210,130 | 176,782 | 153,942 | 151,667 | 139,918 |
| **Gnóthachain / (Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime:** | | | | | |
| Méid | (7,344) | 344 | 3,954 | 19 | 117 |
| Mar Chéatadán de Dhliteanais na Scéime | (3.5%) | 0.2% | 2.6% | 0.0% | 0.1% |
| **(Caillteanas) / gnóthachan iomlán aitheanta sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach:** | | | | | |
| Méid | (26,468) | (15,716) | 5,660 | (4,095) | (27,647) |
| Mar Chéatadán de Dhliteanais na Scéime | (12.6%) | (8.9%) | 3.7% | (2.7%) | (19.8%) |

## 20 Gealltanais

Meastar gurbh ionann na híocaíochtaí amach anseo ar dócha iad a bheith ag eascairt as Gealltanais Deontais agus €386m amhail an 31 Nollaig 2020, agus meastar go mbeidh siad le híoc mar seo a leanas; 2021 €105m, 2022 €89m, 2023 €76m, 2024 €56m, 2025 €35m, 2026 €17m, 2027 €8m. (Amhail 31 Nollaig 2019 ba é an meastachán €364m, meastar go mbeidh siad le híoc mar seo a leanas; 2020 €104m, 2021 €94m, 2022 €75m, 2023 €44m, 2024 €31m, 2025 €13m, 2026 €3m). B'ionann Gealltanais Chaipitiúla gan íoc ar 31 Nollaig 2020 ar chonarthaí chun Maoin Thionsclaíoch a fháil agus a fhorbairt agus €48m (2019: €44m).

## 21 Cánachas

Foráiltear díolúine ó cháin in alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 d'ioncam na gcomhlachtaí stáit neamhthráchtála. Níl feidhm ag an díolúine seo maidir le hús ó thaiscí. Nuair a bhíonn an t-ús infhaighte faoi réir cánach ag an bhfoinse (m.sh. DIRT), cuirtear an ghlansuim infhaighte do shochar an Chuntais Oibriúcháin.

Táthar tar éis leas a bhaint as díolúine ó chánachas áitiúil i roinnt tíortha ina bhfeidhmíonn an Ghníomhaireacht faoi alt Seirbhísí Rialtais an chomhaontaithe ábhartha um chánachas dúbailte. Leanann an Ghníomhaireacht lena hathbhreithniú ar an staid sin, agus í ag féachaint go gníomhach le soiléiriú a fháil an mbaineann aon chánacha fostaíochta thar lear le haon cheann de na dlínsí inar baineadh leas as an díolúine seo. D'fhéadfadh dliteanas cánacha eascairt ón athbhreithniú ach i bhfianaise na héiginnteachta maidir leis an tsuim, más ann di, i leith dliteanais theagmhasaigh fhéideartha ar bith dá leithéid, ní dhearnadh aon fhoráil ina leith sna ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

## 22 Ioncam agus Caiteachas Maoine Tionsclaíche

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam:** | | | |
| Deontas an Oireachtais | | **39,000** | 49,055 |
| Ioncam Cíosa Chliantchuideachtaí GFT Éireann | | **3,545** | 2,565 |
| Ioncam Táille i ndáil le Tailte Neamhfhorbartha | 5 | **440** | 698 |
| Ús ar Idirbhearta Maoine Tionsclaíche | 5 | **231** | 3 |
| Brabús ar Dhiúscairt Maoine Tionsclaíche | | **5,754** | 84 |
| | | **48,970** | 52,405 |
| **Caiteachas:** | | | |
| Costais Cur Chun Cinn, Riaracháin agus Ghinearálta | | **1,590** | 1,584 |
| Muirir i leith Foirgnimh Thionsclaíocha | 9 | **8,288** | 10,902 |
| Muirir agus Forálacha Dímheasa | 10 | **12,971** | 10,782 |
| | | **22,849** | 23,268 |
| Glanghluaiseacht don Bhliain | | **26,121** | 29,137 |
| Aistrigh (go) Caipitil | 12 | **(13,868)** | (13,004) |
| Ranníocaíocht chuig gníomhaíochtaí Cur chun Cinn agus Riaracháin | | **12,253** | 16,133 |

## 23 Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara

Féach ar Nóta 8 chun miondealú ar luach saothair agus na sochair a íocadh le príomhphearsana bainistíochta a fheiceáil le do thoil.

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadann an Ghníomhaireacht deontais a fhaomhadh agus socruithe conartha eile a dhéanamh le fiontair ina bhfuil comhaltaí Boird de chuid an GFT fostaithe nó ina bhfuil leasanna eile acu.

Ghlac an Ghníomhaireacht le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le leasanna pearsanta comhaltaí Boird agus tá na nósanna imeachta sin comhlíonta ag na comhaltaí Boird agus ag an nGníomhaireacht. Le linn 2020 ba ghá dhá idirbheart a nochtadh, arbh iad sin ioncam arbh fhiú €7.095m é a fháil agus caiteachas arbh fhiú €447k é, mar baineann siad le cuideachtaí ina bhfuil comhaltaí Boird fostaithe.

Má bhíonn cásanna de choinbhleacht leasa fhéideartha i gceist, ní fhaigheann comhaltaí an Bhoird doiciméid Boird agus ní bhíonn siad páirteach ar bhealach ar bith eile i bplé faoi na hidirbhearta seo. Coinnítear clár agus tá sé ar fáil ar iarratas maidir le gach cás dá leithéid.

## 24 Dliteanas Teagmhasach

Rinne GFT conradh le soláthraí seirbhíse chun infheistíochtaí díreacha eachtracha a ghnóthú, go háirithe i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide, rud a chruthóidh poist inbhuanaithe. Cuireadh síneadh ama bliana amháin leis an gconradh an 25 Márta 2016 chun é a thabhairt chun deiridh ar bhealach eagraithe. Rinne GFT íocaíocht leis an soláthraí seirbhíse in 2017, de réir na hoibleagáide conartha sa chomhaontú. Rinneadh an íocaíocht, a ndearnadh foráil di i Ráitis Airgeadais 2016 a ríomh trí thagairt do chruthú post a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ós rud é gur lú líon na bpost a cruthaíodh agus a deimhníodh ina dhiaidh ná líon na bpost a ndearnadh soláthar dóibh san íocaíocht sin, iarradh ar aisíocaíocht pháirteach na híocaíochta sin. Tá an soláthraí seirbhíse ag cur i gcoinne éileamh na GFT agus tá imeachtaí eadrána ar siúl idir na páirtithe anois.

## 25 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Bord na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ar 13ú Bealtaine 2021.

# Líonra Domhanda Oifigí



# Líonra Domhanda Oifigí

